An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta

Márta 2023

# An Clár Ábhar


1. RÉAMHRÁ .......... - 4 -

1.1 Cúlra agus Comhthéacs .......... - 5 -

1.2 An Próiseas Comhairliúcháin .......... - 7 -
1.2(a) Aighneachtaí Scríofa .......... - 8 -
1.2 (b) Suirbhéanna ar líne .......... - 8 -
1.2 (c) Agallaimh aonair leantacha .......... - 11 -
1.2 (d) Fócasghrúpaí .......... - 12 -
1.2 (e) Cruinnithe Déthaobhacha .......... - 12 -

2. AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN AR CHÁIPÉISÍ DRÉACHTSONRAÍOCHTA T1 AGUS T2 .......... - 13 -
2.1 Aiseolas ginearálta ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 .......... - 14 -
2.2 Réasúnaíocht, Aidhm agus Cuspóirí .......... - 15 -
2.3 Foghlaim agus Teagasc .......... - 20 -
2.4 Téacsanna agus Litríocht .......... - 26 -
2.5 Struchtúr .......... - 34 -
2.6 Torthaí foghlama .......... - 38 -
2.7 Measúnú .......... - 41 -

3. AISEOLAS MAIDIR LE TABHAIRT ISTEACH NA SONRAÍOCHTAÍ NUA .......... - 47 -

4. CEISTEANNA CÓRASACHA .......... - 47 -

5. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE .......... - 52 -

AGUISÍNÍ .......... - 53 -
Aguisín 1 Rangú na n-aighneachtaí .......... - 53 -
Aguisín 2 .......... - 55 -
Aguisín 3 .......... - 57 -

# 1. Réamhrá

Chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tús le hobair chun Sonraíochtaí Gaeilge na hArdteistiméireachta le haghaidh T1 (Teanga 1) agus T2 (Teanga 2) a fhorbairt i mí na Nollag 2018. Bhí gá leis an obair sin mar gheall ar raon de bheartais rialtais, a chuimsíonn an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (2010) agus an Plean Gníomhaíochta 2018-2022 (2018) cúig bliana a bhí i bhfeidhm roimhe; mar gheall ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (2016); agus mar gheall ar bheartais oideachais agus forbairtí curaclaim i gcéimeanna níos luaithe den oideachas.

D'fhaomh an Chomhairle dréachtsonraíochtaí do Ghaeilge na hArdteistiméireachta le haghaidh T1 agus T2 i gcomhair comhairliúchán poiblí i mí na Samhna 2020. Rinneadh an próiseas comhairliúcháin a phleanáil go cúramach, agus aird ar na dúshláin a bhí roimh mhúinteoirí, scoláirí, ceannairí scoile agus a gcuid pobal de thoradh phaindéim Covid-19. Seoladh ar an 23 Feabhra 2021 é agus é mar aidhm aige aiseolas fónta a fháil ó pháirtithe leasmhara maidir leis na dréachtsonraíochtaí curaclaim. Chuir an Chomhairle síneadh ama leis an gcomhairliúchán go dtí deireadh mhí na Samhna 2021 mar gheall ar iarratais ó pháirtithe leasmhara agus iad fós ag dul i ngleic le tionchar Covid-19 ar scoileanna.

Ba é cuspóir an chomhairliúcháin ná aiseolas a bhailiú ó mhúinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí, eagraíochtaí Gaeilge agus ó pháirtithe leasmhara eile chun bonn eolais a chur faoi thuilleadh oibre ar na dréachtsonraíochtaí, ag féachaint le sonraíochtaí deiridh a chur faoi bhráid an Aire Oideachais lena bhfaomhadh i gcomhair a bhfoilsithe, agus ina dhiaidh sin, go dtabharfaí na sonraíochtaí sin isteach i scoileanna. Ba mhinic, áfach, go raibh an t-aiseolas a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin ag plé go mór le ceisteanna atá lasmuigh de shainchúram CNCM agus/nó a dteastaíonn ailíniú beartais ar fud raon de ranna rialtais lena n-aghaidh. Mar gheall ar shaibhreas an aiseolais a fuarthas le linn an chomhairliúcháin, agus an deis a thug an comhairliúchán tuairimí a fháil ó shampla mór éagsúil de mhúinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí, pobail Ghaeilge, eagraíochtaí agus daoine aonair, déantar iarracht leis an tuarascáil seo níos mó a ghabháil ná mar a bhí beartaithe ar dtús nuair a seoladh an comhairliúchán.

### Leagan amach na tuarascála seo

- Soláthraíonn **Cuid 1** cúlra agus comhthéacs don bhunús le sonraíochtaí T1 agus T2 a chruthú le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta.
- I g**Cuid 2**, déantar machnamh sonrach ar an aiseolas a fuarthas faoi dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta.
- I g**Cuid 3**, déantar achoimre ar aiseolas maidir leis na sonraíochtaí nua a thabhairt isteach.
- I g**Cuid 4**, tugtar breac-chuntas ar cheisteanna córasacha amhail an múnla soláthair curaclaim don Ghaeilge.
- I g**Cuid 5**, moltar na chéad chéimeanna eile.

Baintear leas as athfhriotal chun léargas a thabhairt ar an aiseolas a fuarthas, cé go bhféadfadh gur thug daoine eile aiseolas den chineál céanna ach gur cuireadh i bhfocail eile é. Tugtar athfhriotal sa teanga ina bhfuarthas é mar chuid den chomhairliúchán. Cóipeáiltear iad focal ar fhocal. Cuirtear aistriúcháin ar fáil faoi bhun na sleachta athfhriotail Béarla idir lúibíní cearnógacha.

## 1.1 Cúlra agus Comhthéacs

Tugadh isteach curaclaim teanga idirdhealaithe do na naíonáin shóisearacha go rang a sé i mbunscoileanna na hÉireann in 2019. Tá dhá leagan den Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile i bhfeidhm, leagan amháin atá dírithe ar scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, agus ceann atá dírithe ar scoileanna Béarla. Ar leibhéal na hiar-bhunscolaíochta, táthar ag moladh le fada go gcuirfí an coincheap céanna i bhfeidhm. Chomh fada siar le 2003, sa phlécháipéis *Languages in the Post-Primary Curriculum* a d'ullmhaigh an tOllamh David Little le haghaidh CNCM, dúirt Little:

> *'The continued insistence on a single syllabus for native and non-native speakers of the language, Irish-medium and English-medium students, achieves the worst of both worlds, offering the minority of native speakers and Irish-medium students what is effectively a foreign language syllabus' (CNCM, 2003, lch. 9).*

Mar fhreagra ar na hábhair imní seo, forbraíodh sonraíochtaí do Ghaeilge na sraithe sóisearaí ó 2012 ar aghaidh agus cuireadh sonraíochtaí nua T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na sraithe sóisearaí i bhfeidhm i seomraí ranga ó 2017 ar aghaidh. Dírítear i sonraíocht T1 ar fhreastal ar riachtanais na scoláirí i scoileanna agus pobail Ghaeilge, lena n-áirítear scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí, Sruthanna Gaeilge agus Aonaid Ghaeilge, agus moltar le sonraíocht T2 go mbainfeadh scoláirí a fhoghlaimíonn Gaeilge i gcomhthéacsanna Béarla úsáid as an teanga ar bhealach níos gníomhaí.

Leis an bhforbairt is deireanaí ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta, tógtar ar an gcuraclam idirdhealaithe ag leibhéal na bunscoile agus sa tsraith shóisearach agus é mar aidhm leo leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú in aistear foghlama an scoláire, go háirithe ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach agus chun freastal ar riachtanais foghlama na scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. I gcomhthéacs na scoileanna lán-Ghaeilge, áit a dtéann an scoláire i ngleic leis an gcuraclam go hiomlán trí mheán na Gaeilge, bheadh ról tábhachtach ag sonraíocht T1 le haghaidh na Gaeilge ní hamháin i dtaobh dúshlán a chur roimh chainteoirí dúchais a gcuid scileanna teanga a fheabhsú, ach freisin i dtaca le bheith ag tacú le scoláirí chun rochtain a fháil ar dheiseanna agus coincheapa foghlama in ábhair eile, ar fud an churaclaim ina iomláine.

Rinneadh athbhreithnithe ar shiollabas reatha Ghaeilge na hArdteistiméireachta in 2010 agus tá siad leagtha amach i gCiorclán 0042/2007. Ba é an t-athrú ba shuntasaí ná méadú ar líon na marcanna a thugtar as léiriú a thabhairt ar an gcumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge le linn na Béaltrialach, ó 25% go 40%, agus laghdú ar líon na marcanna a thugtar do scileanna teanga eile. Ba ag an am sin a tugadh isteach sraitheanna pictiúr mar ghné den bhéaltriail athbhreithnithe. Chuir roinnt páirtithe leasmhara imní in iúl ag an am, go háirithe maidir leis an laghdú ar an mbéim ar an litríocht agus an laghdú ar mharcanna a thugtar don scoláire as a gcuid scileanna cluastuisceana a léiriú. Ó 2010 ar aghaidh, laghdaíodh an méid litríochta a ndearna an scoláire staidéar uirthi.

Mar fhreagra ar na hábhair imní sin, choimisiúnaigh CNCM dhá staidéar taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar thionchar féideartha na leasuithe sin ar ghnóthachtáil an scoláire, cáilíocht na teanga agus cuir chuige teagaisc agus ullmhúcháin le haghaidh na béaltrialach, is iad siúd:

- *Tionchar na Leasuithe ar Bhéaltriail na Gaeilge ag Leibhéal na hArdteistiméireachta* (Ó Curraoin et al, 2017)

- *Léargas ar thaithí, ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta* (Nic Eoin, 2017).

Léirigh taighde Nic Eoin gur mhéadaigh líon na scoláirí a thug faoin Ardleibhéal ó 2010 ar aghaidh tar éis gur tugadh isteach 40% don bhéaltriail. Léiríodh imní sna staidéir taighde sin freisin, áfach, maidir leis an gcur chuige i leith na sraitheanna pictiúr, agus líon na sraitheanna sin. Thuairiscigh scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge nach raibh siad chomh himníoch faoin mbéaltriail i gcoitinne agus faoi shraitheanna pictiúr go háirithe, i gcomparáid le scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Cuireadh imní in iúl faoin bhfoghlaim de ghlanmheabhair mar ullmhúchán don bhéaltriail agus faoin easpa deiseanna an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga. Sonraíodh imní sa taighde freisin faoi easnaimh i gcumas agus i gcruinneas gramadaí na scoláirí sa labhairt agus sa scríobh. Tharraing an taighde aird freisin ar an eispéireas diúltach a bhain leis an mbéaltriail do roinnt scoláirí, go háirithe iad siúd a raibh an teanga deacair dóibh, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar a ndearcadh i leith na Gaeilge.

Choimisiúnaigh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) saothar taighde ar an ábhar céanna, dar teideal *Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta - Anailís ar a dTionchar*, Ollscoil Mhá Nuad (Ní Mhaonaigh, S. 2013). Léirigh an taighde a choimisiúnaigh CNCM agus an taighde a rinne COGG nárbh ann d'aon fhianaise shoiléir a thug le fios gur tháinig feabhas suntasach go gearrthéarmach ná go meántéarmach ar ghnóthachtáil scoláirí sa Ghaeilge ná ar a gcumas an teanga a shealbhú tar éis gur cuireadh na leasuithe i bhfeidhm in 2010. Bhí an taighde sin, mar aon le go leor cúinsí eile, mar bhonn eolais d'obair CNCM agus dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 á n-ullmhú le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta.

Chruthaigh sraith beartais rialtais go raibh gá le soláthar idirdhealaithe don Ghaeilge agus chuir siad bonn eolais faoi fhorbairtí le deireanaí sa Ghaeilge ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile, lenar áiríodh:

- Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020 (2011)
- Litearthacht agus Uimhearthacht don fhoghlaim agus don saol 2011-2020 Athbhreithniú Eatramhach: 2011-2016 (2017)
- Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 (2010) agus an Plean Gníomhaíochta cúig bliana 2018 – 2022 (2018) roimhe sin
- Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022 (2016)
- Cumasú: Cumasú trí fhoghlaim – Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 (2019).

Trí shonraíochtaí curaclaim T1 agus T2 a chur ar fáil, tacaítear leis na haidhmeanna atá leagtha amach sa Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge (2010). Freisin freagraíonn sé do roinnt ábhar imní a aithníodh i *Litearthacht agus Uimhearthacht don fhoghlaim agus don saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*, ba iad

sin ná nár fhreastail siollabais na Gaeilge, ag an am sin, ar riachtanais Ghaeilge páistí agus an scoláire, go háirithe iad siúd a bhí ag foghlaim trí mheán na Gaeilge, agus arbh í an Ghaeilge a gcéad teanga.

*Ní chomhlíonann siollabais na Gaeilge riachtanais ar leith de na scoláirí i nGaelscoileanna, go háirithe iad siúd a bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile acu. Ní mór dúinn a chinntiú go ndéanann clár na sraithe sóisearaí don Ghaeilge foráil do riachtanais litearthachta ar leith de scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, forbairt a scileanna cognaíocha agus a scileanna ardoird smaointeoireachta san áireamh.' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011, lch. 60)*

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, a foilsíodh in 2016, tacú le húsáid na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta agus í a chur chun cinn trína chinntiú go gcuirtear oideachas ardchaighdeáin ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta.

*'Maidir le curaclaim Ghaeilge a áiríonn torthaí foghlama don scoláire i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge atá difriúil leis na cinn i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, tá sé de chumas acu ionchais a ardú d'fhoghlaim na Gaeilge agus tacú le soláthar eispéireas foghlama teanga saibhrithe do na scoláirí uile i scoileanna Gaeltachta, go háirithe iad siúd atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge. Cuideoidh curaclaim Ghaeilge dá leithéid freisin le feabhas a chur ar chumas na scoláirí i scoileanna Gaeltachta foghlaim trí Ghaeilge.' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016, lch. 33)*

Féachtar le dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta le hailíniú a dhéanamh leis na beartais rialtais sin, a bhfuil sé mar aidhm acu go léir tacú le foghlaim na Gaeilge agus í a fheabhsú agus i gciall níos leithne, ár dteanga dhúchais a chosaint, teanga atá i mbaol atá ag dul i méid mar gheall ar chreimeadh na n-inniúlachtaí teanga agus úsáid na teanga diaidh ar ndiaidh, go háirithe ina measc siúd arb í an Ghaeilge a gcéad teanga. Le linn an chomhairliúcháin, ba mhinic a luaigh rannpháirtithe nach mór athruithe ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta a mheas i gcomhthéacs leathan fhoghlaim na Gaeilge ar fud an chórais oideachais agus, dar le cuid acu, ba cheart iad a mheas i gcomhthéacs leathan mhianta na sochaí don Ghaeilge amach anseo.

Mar a fheicfear sa chéad chuid eile den tuarascáil seo, léirigh formhór, ach ní iomlán, na rannpháirtithe comhairliúcháin a rinne trácht ar an siollabas reatha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta, go raibh siad míshásta leis.

## 1.2 An Próiseas Comhairliúcháin


Lorgaíodh aiseolas ó pháirtithe leasmhara an oideachais agus na Gaeilge mar aon leis an bpobal i gcoitinne agus na modhanna seo a leanas á n-úsáid:

- aighneachtaí scríofa
- suirbhéanna ar líne
- agallaimh aonair leantacha
- fócasghrúpaí
- cruinnithe déthaobhacha.

Mar gheall ar shrianta phaindéim Covid-19, reáchtáladh na himeachtaí comhairliúcháin go léir ar líne. Ardaíodh feasacht ar an gcomhairliúchán ar go leor bealaí, trí shuíomh gréasáin CNCM, na meáin shóisialta agus gréasán de pháirtithe leasmhara Gaeilge agus oideachais. Reáchtáladh seisiún feasachta le haghaidh múinteoirí agus príomhoidí ó scoileanna Gaeltachta agus ó scoileanna lán-Ghaeilge i gcomhpháirt le Gaeloideachas ag tús mhí an Mhárta, 2021. Seoladh cuirí chuig páirtithe leasmhara an oideachais agus na Gaeilge chun freastal ar chruinnithe déthaobhacha le CNCM chun tuairimí a gcuid eagraíochtaí a roinnt agus aiseolas a thabhairt ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Tugadh cuireadh d'eagraíochtaí nach raibh in ann freastal freagra a thabhairt trí na suirbhéanna ar líne, nó trí aighneacht scríofa.

## 1.2(a) Aighneachtaí Scríofa

Fuair CNCM 234 aighneacht scríofa mar fhreagra ar an gComhairliúchán Poiblí. Fuarthas 75 aighneacht ó eagraíochtaí nó grúpaí agus 159 aighneacht ó dhaoine aonair. Sa chairt thíos taispeántar miondealú ar na páirtithe leasmhara, agus tá miondealú breise in Aguisín 1 thíos. Sa chás nár shonraigh daoine aonair cérbh iad féin, tá siad san áireamh sa ghrúpa 'eile' sa ghraf thíos.




*Fíor 1 - Miondealú ar na haighneachtaí scríofa*

## 1.2 (b) Suirbhéanna ar líne

Bailíodh aiseolas trí dhá shuirbhé ar líne. Bhí struchtúr an tsuirbhé mar an gcéanna le haghaidh dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Bhí sé de rogha ag na freagróirí na suirbhéanna a fhreagairt i nGaeilge nó i mBéarla. I gCuid 1 den suirbhé lorgaíodh faisnéis ghairid faoi dhéimeagrafaic na rannpháirtithe (.i. "tuismitheoir", "scoláire", "múinteoir" nó "eile"; an rud a bhí i gceist le "eile", má

roghnaíodh é; agus an cineál scoile lenár bhain siad, má bhain siad le scoil ar bith). Ní raibh rannpháirtithe in ann ach cineál amháin rannpháirtí agus cineál amháin scoile a roghnú as na roghanna a chuirtear i láthair i dtáblaí 1-4, mar sin ba cheart a bheith faichilleach agus na sonraí sin á léirmhíniú.

Ansin iarradh ar na rannpháirtithe trácht a dhéanamh ar chodanna éagsúla de na dréachtsonraíochtaí trí cheisteanna iata a fhreagairt lenar áiríodh míreanna scála Likert (m.sh. “Easaontaím go láidir”, “Easaontaím”, “Aontaím”, agus “Aontaím go láidir”) nó míreanna rogha dhénártha (m.sh. “Tá” agus “Níl”). Ceisteanna oscailte a bhí sna codanna eile chun ligean do na freagróirí tuilleadh eolais a thabhairt. Bhí 500 carachtar, ar a mhéad, ar fáil do na freagraí ar na ceisteanna oscailte.

### Suirbhé T1 ar líne

Fuair an suirbhé 387 freagra bailí ar dhréachtsonraíocht T1; d’úsáid 209 an leagan Gaeilge agus d’úsáid 178 an leagan Béarla. As na 387 freagra, ba é 11% an meánráta freagartha le haghaidh na gceisteanna oscailte. Tugtar breac-chuntas sna táblaí thíos ar mhiondealú déimeagrafach na bhfreagróirí ar shuirbhé T1 ar líne agus an cineál scoile lenar bhain siad.

| **Freagróir** | **Líon** | **Céatadán** |
|---|---|---|
| Stiúrthóir / cleachtóir i suíomh luathóige | 1 | 0.3 |
| Tuismitheoir / caomhnóir (bunscoile) | 61 | 15.8 |
| Múinteoir bunscoile | 14 | 3.6 |
| Príomhoide / Leas-phríomhoide (bunscoile) | 11 | 2.8 |
| Tuismitheoir / caomhnóir (iar-bhunscoile) | 75 | 19.4 |
| Scoláire iar-bhunscoile | 22 | 5.7 |
| Múinteoir iar-bhunscoile ag obair i gcomhthéacs T1 Gaeltachta | 47 | 12.1 |
| Múinteoir iar-bhunscoile ag obair i gcomhthéacs T1 lán-Ghaeilge | 53 | 13.7 |
| Príomhoide / Leas-phríomhoide (iar-bhunscoile) | 8 | 2.1 |
| Múinteoir réamhsheirbhíse | 2 | 0.5 |
| Oideoir múinteoirí | 11 | 2.8 |
| Mac léinn tríú leibhéal | 13 | 3.4 |
| Léachtóir / taighdeoir tríú leibhéal | 6 | 1.6 |
| Eile | 63 | 16.3 |
| **Iomlán** | **387** | **100%** |

*Tábla 1: Freagróirí ar shuirbhé T1 ar líne*

| Cineál scoile | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| Pobalscoil | 18 | 4.7 |
| Coláiste pobail (BOO) | 2 | 0.5 |
| Scoil chuimsitheach | 4 | 1.0 |
| Scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla (ábhair seachas an Ghaeilge) | 7 | 1.8 |
| Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) | 10 | 2.6 |
| Scoil T1 Ghaeltachta | 61 | 15.8 |
| Scoil T1 a mhúineann trí mheán na Gaeilge | 135 | 34.9 |
| Scoil ag a bhfuil Sruth/Aonad | 13 | 3.4 |
| Meánscoil dheonach | 20 | 5.2 |
| Eile | 117 | 30.2 |
| **Iomlán** | **387** | **100%** |

*Tábla 2: Cineál scoile i suirbhé T1 ar líne*

Cuimsíonn freagróirí a roghnaigh scoileanna T1 a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus scoileanna T1 Gaeltachta níos mó ná 50% de na freagróirí de réir cineál scoile. Chuir 26% de fhreagróirí shuirbhé T1 in iúl gur múinteoirí iad, agus tuismitheoirí scoláirí iar-bhunscoile a bhí i 19% de na freagróirí. Níl guth an scoláire, mar ionadaí ar scoláirí dara agus tríú leibhéal, chomh feiceálach i sonraí an tsuirbhé (9% de na freagróirí), ach tá sé níos soiléire san aiseolas a bailíodh ón gcomhairliúchán a rinneadh le fócasghrúpaí. Ní mór suntas a thabhairt don líon mór tuismitheoirí / caomhnóirí iar-bhunscoile (19.4%) agus tuismitheoirí / caomhnóirí bunscoile (15.8%) a d'fhreagair suirbhé T1. Léiríonn sé sin spéis thuismitheoirí / chaomhnóirí na gceantar Gaeltachta agus na nGaelcholáistí sa dá dhréachtsonraíocht T1 agus T2 agus in impleachtaí shamhail soláthair T1/T2 dá gcuid scoileanna agus pobal.

### Suirbhé T2 ar líne

Fuair an suirbhé 353 freagra bailí ar dhréachtsonraíocht T2; d'úsáid 237 an leagan Gaeilge agus d'úsáid 116 an leagan Béarla. As na 353 freagra, ba é 14% an meánráta freagartha le haghaidh na gceisteanna oscailte. Tugtar breac-chuntas sna táblaí thíos ar mhiondealú déimeagrafach na bhfreagróirí ar shuirbhé T2 ar líne agus an cineál scoile lenar bhain siad.

| Freagróir | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| Stiúrthóir / cleachtóir i suíomh luathóige | 0 | 0 |
| Tuismitheoir / caomhnóir (bunscoile) | 11 | 3.1 |
| Múinteoir bunscoile | 5 | 1.4 |
| Príomhoide / Leas-phríomhoide | 1 | 0.3 |
| Tuismitheoir / caomhnóir (iar-bhunscoile) | 10 | 2.8 |
| Scoláire iar-bhunscoile | 9 | 2.5 |

| | | |
|---|---|---|
| Múinteoir iar-bhunscoile | 280 | 79.3 |
| Múinteoir réamhsheirbhíse | 2 | 0.6 |
| Oideoir múinteoirí | 4 | 1.1 |
| Mac léinn tríú leibhéal | 4 | 1.1 |
| Léachtóir / taighdeoir tríú leibhéal | 6 | 1.7 |
| Eile | 21 | 5.9 |
| **Iomlán** | **353** | **100%** |

*Tábla 3: Freagróirí ar shuirbhé T2 ar líne*

| Cineál scoile | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| Pobalscoil | 63 | 17.8 |
| Coláiste pobail (BOO) | 38 | 10.8 |
| Scoil chuimsitheach | 10 | 2.8 |
| Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) | 23 | 6.5 |
| Scoil ag a bhfuil Sruth/Aonad | 0 | 0 |
| Ag Foghlaim le Chéile | 2 | 0.6 |
| Meánscoil dheonach | 150 | 42.5 |
| Eile | 67 | 19.0 |
| **Iomlán** | **353** | **100%** |

*Tábla 4: Cineál scoile i suirbhé T2 ar líne*

Léiríonn cineálacha scoile T2 i gcoitinne déimeagrafaic na gcineálacha scoile a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.
Chuir 79% de fhreagróirí shuirbhé T2 in iúl gur múinteoirí iar-bhunscoile iad, agus ba thuismitheoirí níos lú ná 6% de na freagróirí. Níl guth an scoláire chomh feiceálach i sonraí an tsuirbhé (níos lú ná 4% de na freagróirí), ach tá sé níos soiléire san aiseolas a bailíodh ón gcomhairliúchán a rinneadh le fócasghrúpaí.

### 1.2 (c) Agallaimh aonair leantacha

Mar chuid de na suirbhéanna ar líne, bhí sé de rogha ag na freagróirí páirt a ghlacadh in agallaimh bhreise leantacha ar líne. Roghnaíodh an modh comhairliúcháin sin toisc nárbh fhéidir cuairt a thabhairt ar scoileanna chun bualadh leis na múinteoirí go pearsanta, mar thoradh ar na srianta a bhain le Covid-19. Éascaíodh sraith d'agallaimh aonair leantacha ar líne le 19 múinteoir chun tuilleadh léargas a fháil ar a gcuid freagraí agus a dtuiscint ar na dréachtsonraíochtaí. Cuireadh agallamh ar mhúinteoirí as scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge agus ar mhúinteoirí as scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Mhair gach agallamh thart ar uair an chloig, agus reáchtáladh iad ag am a d'oir don mhúinteoir. Úsáideadh an t-aiseolas a roinn an múinteoir tríd an suirbhé ar líne mar bhunús don agallamh. Bhí na ceisteanna agallaimh bunaithe ar chodanna móra

de dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Tugadh cuireadh aiseolas a thabhairt ar réimsí breise a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin freisin.

### 1.2 (d) Fócasghrúpaí

Reáchtáladh 13 fhócasghrúpa le linn an chomhairliúcháin, idir mí an Mhárta agus mí na Samhna 2021, chun tuairimí rannpháirtithe i leith na ndréachtsonraíochtaí a bhailiú agus a thaifeadadh. Dhírigh gach cruinniú fócasghrúpa ar dhréachtsonraíocht T1 nó ar dhréachtsonraíocht T2. Fiosraíodh na réimsí seo a leanas sna fócasghrúpaí:

- Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Cuspóirí
- Struchtúr agus Torthaí Foghlama
- Téacsanna agus Litríocht
- Measúnú
- Gnéithe nuálacha de na dréachtsonraíochtaí
- Tacaí agus ceisteanna córasacha.

Reáchtáil CNCM na grúpaí fócais sin i gcomhpháirt le heagraíochtaí Gaeilge, lenar áiríodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta. Ghlac múinteoirí Gaeilge iar-bhunscoile as raon iomlán de chomhthéacsanna teagasctha Gaeilge páirt sna cruinnithe fócasghrúpa sin, lenar áiríodh múinteoirí Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, Gaelcholáistí, Sruthanna Gaeilge agus Aonaid Ghaeilge agus múinteoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta. Chuimsigh rannpháirtithe sna cruinnithe fócasghrúpa freisin tuismitheoirí daltaí bunscoile, scoláirí sa chúigiú nó sa séú bliain ag an dara leibhéal, as comhthéacsanna éagsúla scoile, mic léinn 3ú leibhéal, múinteoirí faoi oiliúint, agus tuismitheoirí as ceantair Ghaeltachta agus lasmuigh den Ghaeltacht.

### 1.2 (e) Cruinnithe Déthaobhacha

Reáchtáladh ocht gcruinniú dhéthaobhacha le páirtithe leasmhara ar líne (féach ar aguisín 2). Ba é clár oibre an chruinnithe a roinneadh le páirtithe leasmhara roimh ré ná:

- Deis don eagraíocht ráiteas (oscailte) a dhéanamh faoi na dréachtsonraíochtaí
- Réasúnaíocht, Aidhm agus Cuspóirí
- Struchtúr agus Torthaí Foghlama
- An Cur Chuige i leith Téacsanna (an Litríocht san áireamh)
- Measúnú
- Ceisteanna ar bith eile

## 2. Aiseolas ón gComhairliúchán ar cháipéisí dréachtsonraíochta T1 agus T2

Sa chuid seo den tuarascáil, tugtar achoimre ar aiseolas a fuarthas tríd an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 trí na cúig mhodh comhairliúcháin a leanas: aighneachtaí scríofa, suirbhéanna ar líne, agallaimh aonair leantacha, cruinnithe le fócasghrúpaí agus cruinnithe déthaobhacha. Fuarthas aighneachta scríofa amháin tar éis an spriocdháta agus cuimsítear é san aiseolas thíos. Áit ar chlúdaigh an t-aiseolas na cúig mhodh comhairliúcháin go léir, tagraítear dó i dtéarmaí ginearálta. Tagraítear d'áiteanna arbh léir difríochtaí suntasacha idir na modhanna comhairliúcháin difriúla. Sa tuarascáil seo, déantar idirdhealú, nuair is féidir, idir aiseolas a bhaineann go príomha le dréachtsonraíocht T1 agus le haiseolas a bhaineann go príomha le dréachtsonraíocht T2. Áit a bhfuarthas aiseolas ginearálta, níorbh fhéidir é sin a dhéanamh.

Is díol suntais é gur léirigh formhór, ach ní iomlán, na rannpháirtithe comhairliúcháin a rinne trácht ar an siollabas reatha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta, go raibh siad míshásta leis.

*"Aithnímid an gá le leasuithe a dhéanamh ar an gcóras reatha le cumas Gaeilge agus eispéireas na ndaltaí i dtaca leis an nGaeilge a threisiú. Tá múinteoirí i bhfabhar athruithe a threiseoidh cumas Gaeilge an phobail agus a chothóidh grá, meas, muinín, suim agus líofacht sa teanga".*

(Eagraíocht Múinteoirí, aighneacht scríofa)

Ba mhó seans go measfadh rannpháirtithe ó chomhthéacs T1/lán-Ghaeilge go bhfuil an siollabas reatha easnamhach. Labhair siad faoin gcaoi a dteipeann ar an siollabas reatha sonraíocht churaclaim Ardteistiméireachta a chur ar fáil a dearadh chun freastal ar riachtanais cainteoirí dúchais óga agus ar scoláirí a fhoghlaimíonn trí mheán na Gaeilge go príomha. Ba léir, uaireanta, in aiseolas T1, go raibh mian ann go leathnódh na scoláirí sin, cainteoirí dúchais go háirithe, a gcuid scileanna scríbhneoireachta, labhartha, pearsanta agus sóisialta; a gcruthaitheacht agus a dtuiscint ar shaibhreas teanga agus ar chultúr na Gaeilge.

*"Tá ganntanas daoine a bhfuil ardscileanna Gaeilge acu ar fáil d'earnáil an oideachais, na meán, na seirbhíse poiblí agus an iliomad réimsí eile faoi láthair... · Gan forbairt mar is ceart ar chumas teanga an chainteora T1, ní bheidh bláth ar ealaín na cumadóireachta Gaeilge idir litríocht, fhilíocht, phrós, dhrámaí, úrscéalta, scannáin, amhráin &rl".*

(Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht, aighneacht scríofa)

Chuir rannpháirtithe ó chomhthéacs T2/Béarla an tuairim in iúl go gcuirtear an iomarca béime sa siollabas reatha ar fhoghlaim de ghlanmheabhair agus ar an litríocht sa Ghaeilge, agus nach gcuirtear béim leordhóthanach ar labhairt na Gaeilge. Tháinig imní chun cinn freisin maidir le spreagadh na scoláirí nó a n-easpa spreagtha chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt. Rud beag cosúil le haiseolas T1, ach ar chúiseanna eile, ba léir freisin go raibh mian ann a chinntiú gur féidir le gach scoláire staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag leibhéal deacrachta atá oiriúnach dá gcuid riachtanas féin in aiseolas T2. Moladh gur tábhachtach cuimhneamh gur le haghaidh daoine óga atá fós ar scoil a dheartar na sonraíochtaí seo agus nach mór go mbeadh an t-ionchas ar aon dul lena n-aois agus a gcéim foghlama.

## 2.1 Aiseolas ginearálta ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2

Tugadh deis do na rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin tuairimí ginearálta a thabhairt faoi cháipéisí dhréachtsonraíochta T1 agus T2, sular iarradh orthu aiseolas agus moltaí spriocdhírithe a thabhairt maidir le codanna sonracha de na cáipéisí sin. Tugadh faoi deara freisin gur chothaigh an comhairliúchán seo go leor plé poiblí. Chuir go leor rannpháirtithe fáilte roimh an deis páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin, agus guth agus modh a bheith acu trína bhféadfaidís a gcuid tuairimí, ceisteanna agus ábhar imní a chur in iúl.

Chuir rannpháirtithe an tuairim in iúl gur cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an ról ríthábhachtach atá ag an oideachas i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge, i gceantair Ghaeltachta go háirithe. Téama a bhí chun tosaigh san aiseolas comhairliúcháin ab ea na dúshláin a bhaineann le freastal ar riachtanais gach scoláire as raon éagsúil cúlraí sochtheangeolaíochta. Tagraíodh go dearfach i líon beag aighneachtaí scríofa don leanúnachas sa churaclam don Ghaeilge a thabharfaí isteach leis na sonraíochtaí sin, ón luathóige go dtí deireadh na hiar-bhunscoile. Tugadh le fios go bhfuil sé seo an-tábhachtach ó thaobh theagasc agus fhoghlaim na Gaeilge agus chun an Ghaeilge a neartú ar fud na tíre. Luadh uaireanta sna haighneachtaí scríofa agus sna fócasghrúpaí go dtugann an dá dhréachtsonraíocht deis teagasc na Gaeilge a chur in oiriúint do scoláirí éagsúla ar bhealach cruthaitheach, ríthábhachtach agus spéisiúil, cé go raibh roinnt rannpháirtithe den tuairim go bhféadfadh go mbeadh sé sin níos éasca i gcomhthéacsanna T1. Luaigh go leor rannpháirtithe comhairliúcháin a thábhachtaí agus atá sé go mbeadh an scoláire spreagtha chun an Ghaeilge a fhoghlaim.

Leagadh béim in aighneachtaí scríofa eile ar an tuairim nach ann fós don leanúnachas ar fud an churaclaim. Dúirt go leor rannpháirtithe i gcruinnithe déthaobhacha agus in agallaimh aonair go léiríonn dréachtsonraíocht T1, ar an iomlán, easpa tuisceana ar chúlra(í) sochtheangeolaíochta an scoláire dá bhfuil dréachtsonraíocht T1 deartha. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl go bhféadfadh sé go mbeadh éifeacht dhiúltach iarmharta ag na forbairtí beartaithe ar an nGaeilge sa Ghaeltacht agus d'áitigh rannpháirtithe eile go bhfuil na dréachtsonraíochtaí seo ag teacht salach ar an 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge' agus ar an 'bPolasaí don Oideachas Gaeltachta'. Chuir rannpháirtithe comhairliúcháin an tuairim in iúl uaireanta nach raibh am na n-athruithe ar an gcuraclam don Ghaeilge thar mholadh beirte, mar gur athraíodh Curaclam Theanga na Bunscoile le haghaidh na naíonán sóisearach go dtí rang a dó in 2015, agus ina dhiaidh sin gur athraíodh an tSraith Shóisearach in 2017, agus ansin gur athraíodh Curaclam Teanga na Bunscoile ó rang a trí go dtí rang a sé in 2019; agus athruithe ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta beartaithe anois. Tugadh le fios nach léir pleanáil chuimsitheach chomhtháite sa dá dhréachtsonraíocht agus gur cheart beartais níos leithne an Stáit a fhiosrú ar dtús chun a chinntiú go dtarlódh sé sin.

Ar cheann de na téamaí ba láidre a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán bhí an dearcadh go bhfuil easpa soiléireachta ar an iomlán i sonraí an dá dhréachtsonraíocht, rud a chruthódh dúshláin do mhúinteoirí, go háirithe maidir le torthaí foghlama, measúnú agus an litríocht. Ní raibh na rannpháirtithe ar aon intinn nuair a fiafraíodh díobh an bhfuil leagan amach na ndréachtsonraíochtaí soiléir. I líon beag aighneachtaí scríofa, measadh go raibh leagan amach na ndréachtsonraíochtaí soiléir den chuid is mó, ach bhí deighilt idir tuairimí freagróirí na suirbhéanna nuair a cuireadh ceist orthu maidir le sonraíochtaí T1 agus T2.

Mar thoradh i bpáirt ar chur amach a bheith acu ar an gcur chuige T1/T2 a úsáidtear sa tSraith Shóisearach, nuair a cuireadh an cheist an bhfuil an chuid 'cé dó an tsonraíocht seo?' de

dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 soiléir, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir os cionn 67% (T1) agus beagnach 60% (T2) de fhreagróirí an tsuirbhé faoi seach. I roinnt cruinnithe déthaobhacha agus aighneachtaí scríofa, luadh go bhfuil na téarmaí T1/T2 doiléir, go bhfuil easpa tuisceana ag an bpobal orthu agus nach bhfuil a n-úsáid ar aon dul leis an gcaoi a n-úsáidtear iad i réimse na sochtheangeolaíochta. Luaigh roinnt rannpháirtithe comhairliúcháin go bhfuil an teanga a úsáidtear sna sonraíochtaí róchasta nó ró-acadúil, gur mó a oireann an leibhéal do chúrsa tríú leibhéal, agus/nó, ar mhaithe leis an inrochtaineacht, gur cheart go mbeadh sé ar chumas gach scoláire in ann na torthaí foghlama a léamh, a thuiscint agus a bhaint amach.

*"Oireann an tsonraíocht go mór don fhoghlaimeoir acadúil a bheidh ag díriú ar an tríú leibhéal ach tá baol an-mhór ann go gcaillfí an cainteoir nach bhfuil chomh hacadúil céanna. Ba thrua guth na bhfoghlaimeoirí sin a bheith caillte nó tostach sa tsonraíocht seo. Cad faoin dalta le raon scileanna agus buanna eile, a rachaidh le printíseacht, feirmeoireacht nó iascaireacht m.sh. cá bhfeictear cur chuige a d'oirfeadh dá leithéid sa tsonraíocht seo. Molaim a uaillmhianaí is atá an tsonraíocht ach tá gá anailís a dhéanamh ar phróifíl éagsúla ag staideanna éagsúla ar an aistear teanga".*

(Príomhoide T1 taobh amuigh den Ghaeltacht, aighneacht scríofa)

Ba mhinic a labhair rannpháirtithe faoin bhfaisnéis nach bhfuil ar fáil sna cáipéisí sonraíochta curaclaim agus/nó gur mhol siad go raibh gá leis na dréachtsonraíochtaí a bheith níos soiléire. Tháinig sé sin chun cinn mar cheann de na téamaí ba láidre a cuireadh in iúl sna haighneachtaí scríofa agus sna freagraí ar cheisteanna oscailte sna suirbhéanna ar líne le haghaidh dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 araon. Luaigh go leor rannpháirtithe gur chruthaigh sé sin easpa muiníne i gcoitinne as na dréachtsonraíochtaí, agus luaigh cuid eile acu gur deacair aiseolas a thabhairt ar na dréachtsonraíochtaí gan freagraí ar na ceisteanna córasacha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shonraíochtaí nua a thabhairt isteach le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Labhair go leor acu faoin tábhacht a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí agus mhol líon beag rannpháirtithe comhairliúcháin fanacht ar na hathruithe níos leithne a eascróidh as an athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach sula dtabharfaí isteach sonraíochtaí athbhreithnithe le haghaidh na Gaeilge. Tabhair faoi deara gur reáchtáladh an comhairliúchán ar na dréachtsonraíochtaí le haghaidh Ghaeilge T1 agus T2 sular fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley pleananna chun leasú a dhéanamh ar an tsraith shinsearach agus sular fhreagair sí d'fhoilsiú thuarascáil CNCM, Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022).

## 2.2 Réasúnaíocht, Aidhm agus Cuspóirí

Tar éis a leagan amach cé dó na sonraíochtaí, sonraítear sna dréachtsonraíochtaí le haghaidh T1 agus T2 dréacht-Réasúnaíocht, dréacht-Aidhmeanna agus dréacht-Chuspóirí an dá shonraíocht.

Cé go bhfuil forluí sa réasúnaíocht don dá shonraíocht, dírítear i sonraíocht T1 ar fhreastal ar riachtanais na scoláirí i scoileanna agus pobail Ghaeilge lena n-áirítear Gaelcholáistí, agus moltar i sonraíocht T2 go spreagfaí scoláirí a fhoghlaimíonn Gaeilge i gcomhthéacsanna Béarla chun an Ghaeilge a labhairt ar bhealach níos gníomhaí i bpobail Ghaeilge. Tá an teanga agus an litríocht fite fuaite lena chéile agus meastar go dtreisíonn siad a chéile sa dá shonraíocht, ach i ndréachtsonraíocht T1, cuirtear béim ar théacsanna liteartha agus neamhliteartha; ar an gcanóin agus ar an litríocht áitiúil, áit a gcuirtear béim i ndréachtsonraíocht T2 ar staidéar ar théacsanna liteartha agus neamhliteartha, agus ar chanóin litríochta na Gaeilge, ach ní ar an litríocht áitiúil.

Ó thaobh na difríochta idir an réasúnaíocht agus na haidhmeanna agus na cuspóirí, léiríonn an réasúnaíocht an tábhacht a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus leagtar amach an chaoi a gcuirfidh dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le scileanna teanga, luachanna agus forbairt phearsanta an scoláire. Déanann na haidhmeanna agus na cuspóirí cur síos ar an gcaoi agus ar an bhfáth ar cheart don scoláire cur lena chuid scileanna agus inniúlachtaí sa Ghaeilge. Iarradh ar na rannpháirtithe comhairliúcháin a gcuid tuairimí a léiriú fúthu sin.

Bhí dearcadh níos dearfaí i dtreo na réasúnaíochta agus na gcuspóirí i bhfócasghrúpaí, i gcruinnithe déthaobhacha agus in agallaimh aonair ná mar a bhí sa suirbhé, agus bhí dearcadh níos dearfaí i leith na réasúnaíochta agus na gcuspóirí le haghaidh dhréachtsonraíocht T1 ná mar a bhí sa chuid sin i ndréachtsonraíocht T2.

Chuir roinnt rannpháirtithe fáilte roimh an mbéim ar fheasacht teanga agus ar fheasacht chultúrtha i gcuspóirí na ndréachtsonraíochtaí. Chuir go leor rannpháirtithe tuairim in iúl gur tábhachtach feasacht chultúrtha do chainteoirí dúchais Gaeilge cé gur cheistigh cúpla rannpháirtí a hábharthacht dóibh siúd a fhoghlaimíonn an Ghaeilge mar dhara teanga. Luaigh cúpla rannpháirtí go bhféadfadh sonraíochtaí nua deis a chruthú chun tacú leis an scoláire chun a thuiscint a dhoimhniú ar stair na teanga agus ar an stair áitiúil.

*"An bhfuil an stair i gceist mar chuid den fheasacht chultúrtha? Ba bhreá liom go dtuigfeadh na scoláirí go raibh an Ghaeilge mar theanga an tromlaigh tráth dá raibh".*

(múinteoir Gaeltachta T1, agallamh)

*"Ba chóir go mbeadh Stair na Gaeilge mar chuid den chúrsa. Má bhain an cúrsa le stair na teanga, bheadh tuiscint níos fearr ag daoine ar an nGaeilge. D'fhéadfaí é seo a léiriú trí dhéantús scannán, trí nascadh leis an bpobal - cuairt ar an nGaeltacht chun taithí a fháil agus chun tuiscint níos fearr a sholáthar ar an teanga mar theanga bheo".*

(mac léinn 3ú leibhéal, fócasghrúpa)

Freisin, mhol líon beag rannpháirtithe an bhéim sa chuid 'Foghlaim agus Teagasc' de na dréachtsonraíochtaí ar aistriú scileanna, cé gur cheistigh rannpháirtithe eile a mhéad is féidir scileanna a aistriú thar an bhfoghlaim teanga.

Cuireadh fáilte den chuid is mó roimh an mbéim ar an gceangal leis an bpobal áitiúil agus le pobail Ghaeilge, go háirithe maidir le sonraíocht T1. D'aontaigh formhór fhreagróirí an tsuirbhé go bhfuil deiseanna úsáide teanga i bpobal na teanga tábhachtach mar chuid den phróiseas sealbhaithe teanga agus go gcabhraíonn an múinteoir le hionchur saibhir teanga a thabhairt don scoláire. Luaigh líon beag múinteoirí a mhúineann i nGaelcholáistí, áfach, na deacrachtaí a bhíonn acu ó thaobh naisc a chruthú le pobail Ghaeilge lasmuigh dá gcuid scoileanna. Moladh gur cheart go mbeadh deis ag scoláirí cuairt a thabhairt ar cheantair Ghaeltachta, chun a dtuiscint ar shaibhreas na Gaeilge a dhoimhniú. Rinne líon beag rannpháirtithe trácht dearfach ar a mhéad agus atá na dréachtsonraíochtaí dírithe ar an scoláire agus ar an mbéim a chuireann siad ar úinéireacht an scoláire ar a chuid foghlama. I measc fhreagróirí shuirbhé T1, áfach, d'easaontaigh nach mór 80% díobh nó d'easaontaigh siad go láidir leis an ráiteas *"Spreagfaidh an dréachtsonraíocht seo an scoláire chun an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga ina bpobail teanga"*. I measc fhreagróirí shuirbhé T2, d'easaontaigh nach mór 94% díobh nó d'easaontaigh siad go láidir leis an ráiteas

*“Spreagfaidh an dréachtsonraíocht seo an scoláire chun an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga”.*

Agus iad ag freagairt ceisteanna ina dhiaidh sin faoin nGaeilge sa phobal, d’aontaigh nó d’aontaigh go láidir 67% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus 61% de fhreagróirí T2, leis an ráiteas *“Tá tábhacht nach beag ag baint le deiseanna (aschuir) úsáide teanga sa phobal teanga mar chuid den phróiseas sealbhaithe teanga”.* Leagann freagróirí an tsuirbhé luach ar dheiseanna le haghaidh úsáid na teanga sa phobal, cé go mbíonn amhras orthu freisin faoina mhéad a thacóidh na dréachtsonraíochtaí seo leis an sprioc sin agus/nó faoina indéanta agus a bheidh sé sin i ndáiríre. Mhol rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí, ó earnáil T1, go gcruthódh deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid, agus ról gníomhach a ghlacadh i bpobal na teanga, naisc láidre agus go gcothódh sé spéis sa teanga agus sa chultúr i measc scoláirí. Luaigh líon beag rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí go bhféadfadh go mbeadh sé seo deacair do scoláirí i nGaelcholáistí, Sruthanna Gaeilge agus Aonaid Ghaeilge. Leag roinnt rannpháirtithe T2 luach ar chuairteanna ar phobail Ghaeltachta agus ar cheardlanna ábhartha bunaithe sa scoil a d’eagródh baill de phobal na teanga. Mhol Oifigigh Phleanála Teanga deiseanna comhoibrithe le múinteoirí agus pobail scoile chun feasacht a ardú faoi na deiseanna chun idirghníomhú le baill den phobal teanga.

Labhair líon beag rannpháirtithe go dearfach faoina chuimsithí agus atá na cuspóirí. Moladh féachaint arís ar ord na gcuspóirí, mar gur tábhachtaí cuid acu ná cuid eile.

> *“saibhriú teanga is tábhachtaí, tá sé chun tosaigh, ach an ceann faoi fheasacht agus cultúr oidhreacht na Gaelainne agus meas ar chultúr agus ar theangacha eile, b’fhéidir gurbh fhiú é a chur níos airde sna cuspóirí, agus na rudaí atá ann a chur síos an liosta”*
>
> (pleanálaí teanga, fócasghrúpa)

Fuarthas aiseolas measctha agus cuireadh tuairimí láidre in iúl maidir le canúintí, agus iarradh cur chuige cothrom lena n-aithnítear castacht na ceiste seo. Luaigh líon beag rannpháirtithe sna fócasghrúpaí gurbh amhlaidh go dtí seo gur cuireadh an iomarca béime ar an nGaeilge chaighdeánach sa chóras oideachais agus go dtugtar deis leis na dréachtsonraíochtaí seo aitheantas a thabhairt do gach canúint. Cuireadh béim uaireanta ar an mbaol go gcaillfí canúint nádúrtha an duine óig. Maidir le comhthéacsanna T1, mhol líon beag rannpháirtithe gan an iomarca béime a chur ar chanúintí baile, mar go dteastaíonn taithí ar chanúintí difriúla ón scoláire. Tugadh faoi deara, agus iad ag léamh litríochta as ceantair dhifriúla, go mbíonn deis ag an scoláire cur amach a fháil ar chanúintí difriúla agus a bheith compordach leo. Thug scoláirí as comhthéacsanna T2 trácht ní ba mhinice ar na dúshláin a bhaineann le canúintí nuair atáthar ag iarraidh Gaeilge as réigiúin dhifriúla in Éirinn a thuiscint. Bhain cuid den aiseolas i ndáil le canúintí le measúnú go háirithe, rud a ndéantar iniúchadh air níos déanaí sa tuarascáil seo.

D’fháiltigh go leor rannpháirtithe sa chomhairliúchán roimh leithead agus oscailteacht réasúnaíocht, aidhmeanna agus cuspóirí na ndréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim go bhfuil an réasúnaíocht, na haidhmeanna agus na cuspóirí ró-idéalach agus ró-uaillmhianach, cé gur easaontaigh líon beag rannpháirtithe go láidir leis an tuairim sin. Tháinig an tuairim go bhfuil na dréachtsonraíochtaí ró-uaillmhianach chun cinn in aiseolas ó mhúinteoirí T1 agus T2 go háirithe. Thug go leor múinteoirí le fios nach féidir na haidhmeanna agus na cuspóirí mar atá leagtha amach a bhaint amach leis an am atá ar fáil (180 uair an chloig de theagasc agus d’fhoghlaim). Chuir rannpháirtithe a thug trácht ar an dá dhréachtsonraíocht an tuairim in iúl go

bhfuil éagothroime idir an bhéim a chuirtear ar an litríocht agus ar scileanna teanga eile, ar an labhairt go háirithe, cé gur minic gur thagair rannpháirtithe dó sin agus an téarma leathan 'cumarsáid' á úsáid acu. Dar le roinnt rannpháirtithe gur gnéithe ar leith d'fhoghlaim na Gaeilge is ea teanga agus litríocht, seachas iad a bheith ag tacú lena chéile agus chun tairbhe a chéile.

*"Ba chóir go mbeadh níos mó béime ar an teanga labhartha (chun an scoláire a spreagadh 'an Ghaeilge a úsáid taobh mauigh den seomra ranga') agus níos lú béime ar an litríocht. Creidim féin go bhfuil litríocht na Gaeilge tabhachtach do chultúr & shaibhreas na teanga, ach bheadh níos lú litríochta níos fearr do dhaltaí T2 'chun taitneamh a bhaint as an nGaeilge."*


(múinteoir T2, suirbhé T2)

Mar mhalairt air sin, cuireadh an tuairim in iúl freisin go bhfuil baol ann go n-éireodh an réasúnaíocht, na haidhmeanna agus na cuspóirí ró-choimeádach, go mbeidís dírithe an iomarca ar ullmhú do na scrúduithe seachas don saol, agus go bhféadfadh sé nach mbeidís ábhartha do shaol na ndaoine óga, go háirithe scoláirí i gcomhthéacs T1. Moladh gur cheart go mbeadh na sonraíochtaí ábhartha agus taitneamhach don scoláire agus gur cheart go gcruthóidís deiseanna do scoláirí chun bheith idirghníomhach agus oibriú le chéile. Moladh amháin a rinneadh ná gur cheart go gcuimseofaí aidhmeanna níos leithne leis na sonraíochtaí seo, ar nós deis a thabhairt don scoláire scileanna a chleachtadh agus a fhorbairt le haghaidh an ardáin agus sa díospóireacht.

*"Tá bunphrionsabail agus croíluachanna nuálaíocha agus comhaimseartha i gcroílár na sonraíochta agus gach iarracht déanta an dalta a chur i gcroílár na foghlama. Ba chóir go mbeadh an foghlaimeoir óg inniúil ionannú leis na luachanna úd".*


(Múinteoir T1 Taobh amuigh den Ghaeltacht, aighneacht scríofa)

Ní raibh freagróirí an tsuirbhé ar aon intinn faoin méid a d'aontaigh siad nó a d'easaontaigh siad leis an ráiteas *"Tugann an Réasúnaíocht míniú soiléir ar fhís na sonraíochtaí"*. Le haghaidh dhréachtsonraíocht T1, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir nach mór 49% de na freagróirí leis an ráiteas, agus d'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 51% díobh.



*Fíor 2[1]: Freagra ar an ráiteas "Tugann an Réasúnaíocht [T1] míniú soiléir ar fhís na sonraíochta.*

Ní raibh an freagra ar an ráiteas céanna maidir le dréachtsonraíocht T2 chomh dearfach céanna; d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir nach mór 42%, cé gur easaontaigh nó gur easaontaigh go láidir níos mó ná 58%.




*Fíor 3: Freagra ar an ráiteas "Tugann an Réasúnaíocht míniú soiléir ar fhís na sonraíochta [T2]"*

Bhí an freagra ar an ráiteas *"Tugann na hAidhmeanna cuntas soiléir ar an eolas, na scileanna agus na luachanna a bhfuil sé mar aidhm ag an tsonraíocht seo a fhorbairt"* mórán mar an gcéanna i suirbhéanna T1 agus T2. I suirbhé T1, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir nach mór 42% de na freagróirí leis an ráiteas, cé gur easaontaigh nó gur easaontaigh go láidir níos mó ná 58%, agus i suirbhé T2, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 43% agus d'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 57%.

Cuireadh roinnt ceisteanna breise ar fhreagróirí an tsuirbhé, inar leagadh béim ar ghnéithe áirithe de réasúnaíocht, d'aidhm agus de chuspóirí dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 agus chonacthas arís an patrún sin de fhreagraí measctha. Féach ar na graif a ghabhann na freagraí breise sin ar shuirbhéanna T1 agus T2 in Aguisín 3.

**Réimsí nach mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu:**

Nuair atáthar ag forbairt na sonraíochtaí a thuilleadh:

---

[1] Eochair: SA = "Aontaím go láidir", A = "Aontaím", D = "Easaontaím", SD = "Easaontaím Go Láidir".

- athbhreithniú a dhéanamh ar shoiléire agus ionchais na réasúnaíochta agus na n-aidhmeanna chun freastal ar riachtanais na scoláirí go léir, lena n-áirítear iad siúd as cúlraí sochtheangeolaíocha difriúla
- machnamh a dhéanamh ar sheicheamhú/ord na gcuspóirí
- athbhreithniú a dhéanamh ar an mbéim a chuirtear ar fheasacht chultúrtha i sonraíocht T2
- iniúchadh a dhéanamh arís ar an bhfís a leagtar amach sna dréachtsonraíochtaí maidir le canúintí a thuiscint
- athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir scileanna litríochta agus teanga mar a leagtar amach sna dréachtsonraíochtaí
- iniúchadh a dhéanamh arís ar an mbéim fhoriomlán ar an litríocht sna dréachtsonraíochtaí

## 2.3 Foghlaim agus Teagasc

Sa chuid de na dréachtsonraíochtaí ar 'Fhoghlaim agus Teagasc' tugtar breac-chuntas ar an eolas, na scileanna, na dearcthaí, agus na luachanna a thacóidh leis an scoláire chun an Ghaeilge a fhoghlaim go neamhspleách agus úinéireacht a ghlacadh ar a chuid foghlama. Moltar leis cur chuige i leith sealbhú teanga atá dírithe ar an scoláire trí raon leathan de straitéisí foghlama agus teagaisc atá oiriúnach d'aois an scoláire agus a chothaíonn spéis an scoláire, lena n-áirítear punann teanga a fhorbairt. Moltar cur chuige comhtháite i leith scileanna teanga a fhorbairt. Aithnítear tábhacht na n-oideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, ról na bhfoinsí liteartha agus neamhliteartha, agus naisc leis an bpobal. Iarradh ar na freagróirí ar na suirbhéanna ar líne agus ar rannpháirtithe sna hagallaimh le múinteoirí aiseolas díreach a thabhairt ar an gcuid teagaisc agus foghlama de na dréachtsonraíochtaí. Cuireadh tuairimí agus tráchtanna faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim in iúl i bhfócasghrúpaí, i gcruinnithe déthaobhacha agus in aighneachtaí scríofa, cé gur mó a cuireadh in iúl iad i suirbhéanna T1 agus T2 ar líne agus sna hagallaimh aonair le múinteoirí.

I gcuid 4 de na suirbhéanna ar líne iarradh ar na freagróirí a gcuid tuairimí a chur in iúl faoin bhfoghlaim agus faoin teagasc mar a leagtar amach sna dréachtsonraíochtaí. Nuair a pléadh an ráiteas *"Tugann an rannóg 'Foghlaim agus Teagasc' tuiscint shoiléir ar na hionchais atá ann do shealbhú teanga an scoláire"* d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 39% de fhreagróirí shuirbhé T1 leis, agus i measc fhreagróirí shuirbhé T2, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 30%. Cuireadh an tuairim chéanna in iúl i bhfócasghrúpaí agus i gcruinnithe déthaobhacha, áit ar iarr rannpháirtithe freisin tuilleadh soiléire maidir leis na hionchais a bhaineann le sealbhú teanga an scoláire.

*"Ní thuigeann múinteoirí an caighdeán ba cheart a bheith ann. Ní hé go bhfuil liostaí foclóra uathu do chuile rud, ach topaicí b'fhéidir gur chóir a chlúdach, bheadh sé sin cabhrach do mhúinteoirí".*

(múinteoir T2, fócasghrúpa)

*"Caithfidh an leibhéal agus an caighdeán a bheith an-soiléir. Níl sé soiléir sna dréachtsonraíochtaí faoi láthair le bheith cinnte go n-oibreoidh na dréachtsonraíochtaí do na scoláirí, mar shampla cainteoirí dúchasacha".*

(cruinniú déthaobhach)


Cuireadh fáilte roimh ról na feasachta teanga agus na feasachta cultúrtha ó thaobh tuiscint a fháil ar an bpobal teanga agus ceangal a dhéanamh leis, mar atá leagtha amach sna dréachtsonraíochtaí agus 66% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus 62% de fhreagróirí shuirbhé T2 ag aontú nó ag aontú go láidir leis an ráiteas *"Tacaíonn an fheasacht teanga agus an fheasacht chultúrtha leis an scoláire tábhacht an phobail teanga a thuiscint, páirt a ghlacadh sa phobal sin agus ionannú leis."* Rinneadh

tagairt sna haighneachtaí scríofa do ról lárnach an phobail teanga i ndréachtsonraíocht T1 go háirithe.


*"….tacaíonn muid go háirithe leis an tábhacht a bhaineann leis an scoilphobal agus leis na naisc atá ag scoileanna leis an phobal go ginearálta. Tá sé seo iontach tábhachtach i bpobail Ghaeltachta chomh maith le pobail scoileanna (Gaelscoileanna agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla) do thodhchaí na Gaeilge agus do chur chun cinn na teanga i bpobail ar fud an oileáin".*

(Eagraíocht Ghaeilge, aighneacht scríofa)

Nuair a iarradh orthu trácht a dhéanamh ar an ráiteas *"cabhraíonn an múinteoir chun ionchur saibhir teanga a chur ar fáil don scoláire mar chuid den phróiseas foghlama agus teagaisc"*, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 62% de fhreagróirí shuirbhé T1. I measc fhreagróirí T2, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 60% díobh, mar is féidir a fheiceáil sna graif thíos. Luadh in aighneachtaí scríofa múinteoirí, go háirithe iad siúd ó mhúinteoirí i suíomhanna T2, an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas agus saoirse an mhúinteora chun ábhar agus cuir chuige theagaisc a chur in oiriúint dá gcuid comhthéacsanna féin. Leag rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí, i gcruinnithe déthaobhacha agus in agallaimh béim ar an tábhacht a bhaineann le sraith chuimsitheach d'acmhainní, de thacaí agus d'oiliúint leordhóthanach chun cabhrú leis an múinteoir leis na sonraíochtaí nua a chur i bhfeidhm, mar a phléitear i gcuid 3: Aiseolas maidir le tabhairt isteach na sonraíochtaí nua.




*Fíor 4: Freagra ar an ráiteas "Cabhraíonn an múinteoir chun ionchur saibhir teanga a chur ar fáil don scoláire mar chuid den phróiseas foghlama agus teagaisc" (suirbhé T1)*




*Fíor 5: Freagra ar an ráiteas "Cabhraíonn an múinteoir chun ionchur saibhir teanga a chur ar fáil don scoláire mar chuid den phróiseas foghlama agus teagaisc" (suirbhé T2)*


Nuair a fiafraíodh díobh an bhfuil na dréachtsonraíochtaí ar aon dul le luachanna agus prionsabail na Sraithe Sinsearaí [reatha], d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 42% de fhreagróirí shuirbhé T1, agus d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 43% de fhreagróirí T2 go bhfuil. Moladh i roinnt aighneachtaí scríofa agus mhol roinnt rannpháirtithe i gcruinnithe déthaobhacha gur cheart athruithe a chur ar athló go mbeidh athruithe córasacha á ndéanamh ar an tSraith Shinsearach i gcoitinne, mar a pléadh i gcuid 4 Ceisteanna Córasacha. Mar a tugadh le fios roimhe seo, reáchtáladh an comhairliúchán ar na dréachtsonraíochtaí le haghaidh Ghaeilge T1 agus T2 sular fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley pleananna chun leasú a dhéanamh ar an tsraith shinsearach agus sular fhreagair sí d'fhoilsiú thuarascáil CNCM, Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022).

Bhí deighilt idir freagróirí shuirbhé T1 nuair a fiafraíodh díobh faoin ráiteas *"Léiríonn an rannóg 'Foghlaim ghaolmhar' aistear foghlama Gaeilge an scoláire ó na luathbhlianta go dtí an tsraith shinsearach agus mar a ullmhaíonn an t-eispéireas seo é chun tabhairt faoin bhfoghlaim fad saoil"*. D'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 49% de fhreagróirí shuirbhé T1. Bhí an figiúr coibhéiseach i measc fhreagróirí T2 cuid mhaith ní ba ísle; d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 31% leis an ráiteas sin, agus d'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 69%. Iarradh ar fhreagróirí suirbhé a gcuid tuairimí a thabhairt ar an ráiteas *"Tá tábhacht nach beag bainteach le forbairt a dhéanamh ar scileanna litearthachta an scoláire má tá sé chun a bheith ina úsáideoir éifeachtach teanga agus an Ghaeilge a shealbhú go rathúil"*. D'aontaigh 60% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus 54% de fhreagróirí shuirbhé T2 leis an ráiteas sin. Luaigh roinnt rannpháirtithe sna fócasghrúpaí na dúshláin a bhaineann le cabhrú le scoláirí lena scileanna litearthachta a fhorbairt agus chuir roinnt rannpháirtithe an tuairim in iúl nach mbíonn spéis ag roinnt scoláirí sa léamh i dteanga ar bith.

> *"Níl suim dá laghad ag scoláirí sa Litríocht. Tá an Litríocht ródhúshlánach dóibh. An rang Ardleibhéil b'fhéidir, ach do scoláirí laga, beidh siad i dtrioblóid. Cuirfidh sé eagla ar na scoláirí laga".*
>
> (múinteoir T2, fócasghrúpa)

Nuair a iarraidh orthu trácht a thabhairt ar an ráiteas *"Cabhróidh an dréachtsonraíocht leis an scoláire straitéisí foghlama teanga a fhorbairt a bheidh inaistrithe go teangacha eile,"* d'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 62% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus 84% de fhreagróirí shuirbhé T2 leis an

ráiteas. Cuireadh an meon céanna a bheag nó a mhór in iúl nuair a d'easaontaigh nó nuair a d'easaontaigh go láidir 65% de fhreagróirí shuirbhé T1 leis an ráiteas "*Cabhróidh an fhoghlaim teanga (mar atá sé leagtha amach sa dréachtsonraíocht seo) leis an scoláire tabhairt faoi ábhair eile an churaclaim trí Ghaeilge*".




*Fíor 6: Freagra ar an ráiteas "Cabhróidh an fhoghlaim teanga (mar atá sé leagtha amach sa dréachtsonraíocht seo) leis an scoláire tabhairt faoi ábhair eile an churaclaim trí Ghaeilge" (suirbhé T1)*

Nuair a iarradh orthu trácht a thabhairt ar an ráiteas *"Tá an fhéinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí a bhíonn ag an scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh"*, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 62% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus 67% de fhreagróirí shuirbhé T2 leis an ráiteas.

I roinnt aighneachtaí scríofa cuireadh béim ar an ngá atá le níos mó béime ar an measúnú foirmitheach sa teagasc agus san fhoghlaim. Luadh freisin an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim a threorú agus le fianaise ar dhul chun cinn an scoláire a bhailiú. D'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 71% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus 78% de fhreagróirí shuirbhé T2 leis an ráiteas *"Tá ról ag measúnú mar thaca leis an bhfoghlaim chomh maith le gnóthachtáil a mheas"*.

*"Tá tábhacht ar leith ag baint leis an measúnú foirmitheach i bpróiseas foghlama an scoláire agus is deis amú é gan aitheantas ceart a thabhairt don ghné seo den mheasúnú foirmitheach".*


(Eagraíocht Ghaeilge, aighneacht scríofa)

### An Phunann Teanga


Moltar i ndréachtsonraíochtaí T1 agus T2 go bhforbródh an scoláire punann teanga le linn dhá bhliain Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Moltar gur bailiúchán de shamplaí d'obair an scoláire a bheadh ansin. Is é aidhm na punainne ná scileanna foghlama féintreoraithe agus machnaimh an scoláire a fheabhsú. Moltar sna dréachtsonraíochtaí go ndéanfadh an scoláire comhrá nó plé faoin bpunann mar chuid den bhéaltriail, ach nach ndéanfaí measúnú ar an bpunann féin don teastasú.

Cuireadh tuairimí measctha in iúl maidir leis an moladh sna dréachtsonraíochtaí go mbeadh punann ina gné den phróiseas foghlama. Luaigh go leor rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí T1 agus luadh i

gcuid de na haighneachtaí scríofa tábhacht na punainne, agus áitíodh go spreagann an phunann an scoláire chun machnamh agus anailís a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama agus úinéireacht a ghlacadh ar a fhoghlaim féin. Cuireadh a mhalairt de thuairim in iúl sna suirbhéanna mar a fheictear sna graif thíos.




*Fíor 7[2]: Freagra ar an ráiteas “An dtacóidh an phunann teanga leis an scoláire a scileanna féin-riartha agus féin-mhachnamhacha a láidriú agus é ar a aistear sealbhaithe teanga?” (Suirbhé T1)*




[2] Eochair: Y = “Tacóidh”, N = “Ní thacóidh”

*Fíor 8: Freagra ar an ráiteas "An dtacóidh an phunann teanga leis an scoláire a scileanna féin-riartha agus féin-mhachnamhacha a láidriú agus é ar a aistear sealbhaithe teanga?" (Suirbhé T2)*

Ós rud é go bhfuil fócas na punainne ar shamplaí d'obair an scoláire féin a bhailiú, mhol roinnt rannpháirtithe go mbeadh sé sin ina bhuntáiste don scoláire a d'aistreodh go scoil nua, mar go mbeadh sé in ann roinnt samplaí de labhairt agus de scríobh na Gaeilge, de fhreagairt di agus dá húsáid a thaispeáint don mhúinteoir nua ar bhealach praiticiúil. Admhaíodh go gcruthaítear deis leis an bpunann don scoláire oibriú go neamhspleách nó mar bhall de ghrúpa agus gur cheart go mbeadh ábhar na punainne bunaithe ar ábhair spéise an scoláire agus a chuid torthaí foghlama ó na trí shnáithe. Luadh freisin go gcothaíonn an phunann bród sa scoláire as a chuid oibre agus é ag labhairt faoi ábhar na punainne agus ag breathnú ar a dhul chun cinn nuair a fhaigheann an scoláire aiseolas ar dhréacht agus athdhréachtú. Luaigh go leor rannpháirtithe go gcuirfeadh an phunann le stór focal an scoláire, chomh maith lena chruinneas agus le saibhreas na teanga. Mhol rannpháirtithe eile scileanna laethúla a fhorbairt tríd an bpunann, mar shampla CVanna nó foirmeacha a chomhlánú trí Ghaeilge. Luaigh rannpháirtithe eile gur bunchloch mhaith í punann na sraithe sóisearaí do phunann na hArdteistiméireachta.

*"Tríd an bpunann dírítear ar scileanna féin-riartha agus féinmhachnaimh an scoláire a fhorbairt – dul chun cinn atá an-dearfach".*

(Príomhoide T1 sa Ghaeltacht, aighneacht scríofa)

*"Measann [Eagraíocht Ghaeilge] gur coincheap suimiúil í an phunann teanga agus gur deis iontach a bheadh ann go hidéalach don fhoghlaimeoir tabhairt faoi shainábhar a mbeadh suim acu ann. D'fhéadfadh an foghlaimeoir machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama agus na scileanna atá sealbhaithe aige/aici chomh maith".*

(Eagraíocht Ghaeilge, aighneacht scríofa)

Cáineadh cur chuige na punainne i bhformhór na suirbhéanna, agus i roinnt aighneachtaí scríofa, fócasghrúpaí agus, ach ní an oiread céanna, agallaimh duine ar dhuine. Mhol líon beag rannpháirtithe go mbeadh an phunann páistiúil don aoisghrúpa seo. Thug roinnt rannpháirtithe, go háirithe múinteoirí T2, le fios go mbeadh go leor ama ag teastáil ón bpunann. D'easaontaigh 58% díobh siúd a d'fhreagair suirbhé T1 agus 71% díobh siúd a d'fhreagair suirbhé T2 leis an ráiteas *"Is uirlis thábhachtach í an phunann teanga don fhoghlaim agus don mheasúnú foirmitheach"*, agus luaigh roinnt aighneachtaí scríofa féidearthachtaí na punainne mar mhodh measúnaithe fhoirmithigh. Dúirt líon beag rannpháirtithe nach dtacódh an phunann le cumarsáid mar go mbeadh an scoláire ag cruthú tuairiscí nó ag scríobh nótaí machnaimh den chuid is mó agus tugadh le fios go mbíonn deacrachtaí ag roinnt scoláirí machnamh a dhéanamh.

*"Tá buntáistí na punainne foilsithe go forleathan. Ina dhiaidh sin níl ann ach uirlis spreagtha. I mo thaithí sa seomra ranga mar mhúinteoir feictear dom go n-oibríonn sí do roinnt scoláirí. Cothaíonn sí míthuiscint faoi bhrí na foghlama. Bíonn an t-eolas ar fad sa phunann agus gan tada ina gcloigne! Feictear dom go bhfuil cailíní níos tógtha leo ná buachaillí agus titeann buachaillí siar dá bharr. Cruthaíonn sé strus i measc foghlaimeoirí le fadhbanna foghlama. Tuilleadh oibre ar mhúinteoirí".*

(múinteoir Gaeltachta T1, suirbhé T1)

Cheistigh líon beag rannpháirtithe an difear idir an phunann agus cóipleabhar agus luaigh siad go dtarlaíonn féinmhachnamh agus neamhspleáchas sa chóipleabhar ar aon nós. San aiseolas seo,

léirmhíníodh an phunann mar ábhar scríofa, seachas mar bhailiúchán digiteach seans a chuimsíonn gach modh cumarsáide. Ba mhinic a rinne rannpháirtithe tagairt dá dtaithí ar phunann teanga an scoláire i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí.

D'fháiltigh a lán rannpháirtithe roimh an smaoineamh an phunann a úsáid mar spreagthach don chaint sa bhéaltriail. Mhol roinnt daoine gur cheart í a chur in ionad na sraitheanna pictiúr (reatha), agus chuir roinnt daoine í i gcomparáid leis an 'document' sa bhéaltriail Fraincise. Chuir líon beag múinteoirí T1 imní in iúl sna hagallaimh duine le duine go bhféadfaí foghlaim de ghlanmheabhair a bheith mar thoradh ar an gcur chuige measúnaithe seo. Mhothaigh a lán rannpháirtithe nach mbeadh rath ar an bpunann mura mbronnfaí marcanna uirthi toisc nach rachfaí an scoláire ina bun.

*"Muna bhfuil faic ag dul don phunann, níl sé réalaíoch go dtabharfadh an scoláire faoin ngné sin."*

(tuismitheoir bunscoile, fócasghrúpa)

*"Cén fáth go bhfuil idirghníomhú cainte ann mura bhfuilimid chun úsáid a bhaint as… bheadh fíor-idirghníomhú ann dá mbeidís ag caint ar ghné éigin den phunann".*

(múinteoir T2, fócasghrúpa)

Ba mhinic a luaigh rannpháirtithe nach bhfuil ról na punainne soiléir sna dréachtsonraíochtaí. Moladh struchtúr nó seicliosta a chur leis an bpunann, ach dúirt rannpháirtithe eile gur cheart go mbeadh an phunann bunaithe ar thaithí an scoláire seachas ar liosta topaicí ainmnithe. D'iarr líon beag rannpháirtithe sna fócasghrúpaí go gcuirfí samplaí nó eiseamláirí den phunann ar fáil.

*"Níl mórán eolais faoin phunann teanga sna dréachtsonraíochtaí agus soiléiriú le tabhairt ar an úsáid a bhainfear aisti seachas mar spreagadh don bhéaltriail. Bheadh gá le treoir bhreise don mhúinteoir agus don fhoghlaimeoir chomh maith leis an scrúdaitheoir a bheadh ag úsáid na punainne mar ábhar measúnaithe".*

(Eagraíocht Ghaeilge, aighneacht scríofa)

**Réimsí nach mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu:**
Nuair atáthar ag forbairt na sonraíochtaí a thuilleadh:

- athscrúdú a dhéanamh ar shoiléireacht na n-ionchas maidir le sealbhú teanga an scoláire
- athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtsonraíochtaí chun iad a ailíniú le luachanna agus prionsabail na Sraithe Sinsearaí; leanúnachas foghlama teanga; agus ullmhúchán don fhoghlaim ar feadh an tsaoil
- athbhreithniú a dhéanamh ar an mbéim sna sonraíochtaí ar scileanna teanga inaistrithe a fhorbairt

Foilseofar Treoirlínte do Phunann Teanga an Scoláire i gcáipéis eile seachas na sonraíochtaí, chun tacú le soiléireacht faoi ról agus cuspóir na punainne.

## 2.4 Téacsanna agus Litríocht

Leagann na dréachtsonraíochtaí amach an ról ilghnéitheach a bhíonn ag téacsanna liteartha agus neamhliteartha i dtaithí foghlama an scoláire. Fiosraítear an ról a d'fhéadfadh a bheith ag litríocht na Gaeilge i bhforbairt scileanna agus inniúlachtaí an scoláire, agus an ról a d'fhéadfadh a bheith aici i bhforbairt phearsanta an scoláire agus i bhforbairt a fhéiniúlachta cultúrtha. Tugann na dréachtsonraíochtaí breac-chuntas ar raon agus ar líon beartaithe na dtéacsanna agus na seánraí,

agus tugann siad deis don scoláire chun téacsanna a roghnú. Thug rannpháirtithe an chomhairliúcháin aiseolas ar na ranna seo de dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2, ag déanamh trácht ar an gcur chuige foriomlán agus béim ar an litríocht sa dá dhréachtsonraíocht agus ar an gcur chuige chun idirdhealú a dhéanamh ar ionchais ag ardleibhéal agus ag gnáthleibhéal.

Le linn na tréimhse comhairliúcháin cuireadh tairseach ar líne ar fáil a d'fháiltigh roimh mholtaí le haghaidh téacsanna a d'fhéadfaí a chur ar liostaí litríochta T1 agus T2. Bhí an tairseach sin chun téacsanna sonracha a mholadh scoite ó shuirbhéanna T1 agus T2 ar na dréachtsonraíochtaí. Fuarthas 16 fhreagra ar thairseach liosta téacsanna T1 agus 26 freagra ar thairseach liosta téacsanna T2. Déanfar na téacsanna molta a athbhreithniú agus a mheas le cur ar na liostaí litríochta a ghabhfaidh le sonraíochtaí deiridh Ghaeilge na hArdteistiméireachta.

Príomhthéama a d'eascair as an gcomhairliúchán ab ea an bhéim sna dréachtsonraíochtaí ar ról na litríochta i bhfoghlaim agus i dteagasc na Gaeilge. Thug go leor rannpháirtithe sa chomhairliúchán le fios go gcuirtear an iomarca béime ar an litríocht sna dréachtsonraíochtaí. Thug go leor rannpháirtithe le fios go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an iomarca spleáchais ar an litríocht chun tacú le forbairt teanga ar dhearcadh an scoláire i leith na Gaeilge agus i leith litríocht na Gaeilge. Chuir go leor rannpháirtithe in iúl go laghdaíonn cur chuige teagaisc i leith na litríochta an taitneamh a bhaineann an scoláire as an teanga a fhoghlaim.

*"Cailleann tú scoláirí má bhíonn an téacs ró-dheacair. Caithfidh na téacsanna a bheith in oiriúint don scoláire. Tá spreagadh de dhíth ón litríocht, go mbaineann sé lena saol féin".*

(cruinniú déthaobhach)

*"An bhfuil sé réalaíoch nó cóir béim a leagan ar litríocht má smaoinímid ar an mac léinn agus conas ba mhaith linn úsáid na teanga a chur chun cinn?"*

(ábhar oide, fócasghrúpa)

*"Ar ndóigh, tuigim tábhacht na litríochta, agus gur cuid riachtanach d'fhoghlaim agus sealbhú teanga í. Tuigim freisin an tábhacht a bhaineann le scileanna litearthachta a fheabhsú agus a fhorbairt i measc na ndaltaí. Chomh maith leis sin, tá a fhios agam nach léifí téacsanna mura ndéanfaí é sa rang, ach an é seo an rud atá tábhachtach i ndáiríre? Bainim féin taitneamh as an gcuid seo den chúrsa agus creidim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh sé ar fáil don scoláire ar mian leis dul i mbun an réimse seo den teanga, ach níl suim ag go leor scoláirí sa litríocht fiú i mBéarla, agus mar thoradh air sin, déantar "chore" de agus gcuirtear iallach ar dhaoine fulaingt tríd. Bíonn sé thar a bheith deacair ar go leor daltaí na téacsanna a thuiscint, agus níos minice ná a mhalairt, foghlaimíonn daltaí freagraí samplacha de ghlanmheabhair lena chinntiú go n-éireoidh go maith leo sa scrúdú chun na pointí a theastaíonn uathu a fháil. Mura dtuigeann na daltaí an méid atá á léamh acu, conas is féidir leis cabhrú lena scileanna teanga a fheabhsú, nó grá don teanga a chothú? Nach é seo an rud is tábhachtaí?"*

(Scoláire T2, aighneacht scríofa)

D'fháiltigh líon beag rannpháirtithe sa chomhairliúchán roimh an bhfís don litríocht a leagtar amach sna dréachtsonraíochtaí. D'fháiltigh siad go háirithe roimh an aitheantas go dtacaíonn an litríocht le feasacht chultúrtha agus le feasacht teanga araon. Leag roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúchán béim freisin ar chumas téacsanna liteartha tacú leis an snáithe Cruthaitheacht Teanga. Chuir líon beag rannpháirtithe ar bhain a bhfócas agus a n-aiseolas go príomha le comhthéacsanna T1 an tuairim in iúl go bhféadfadh ról na litríochta, mar a leagtar amach i ndréachtsonraíocht T1, cur le cumas an scoláire atá ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge. Dúirt roinnt rannpháirtithe gurb í an teanga

a úsáideann an scoláire agus é ag freagairt do na téacsanna a fhiosraítear an acmhainneacht foghlama is tábhachtaí anseo. D'fháiltigh roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúchán roimh an smaoineamh go ndéanfadh an scoláire comparáid idir téacsanna.

*"Is dóigh liomsa go dtacaíonn téacsanna leis na torthaí foghlama ach an bhfuil an iomarca téacsanna ann, táimid ag caint faoi úrscéal, dráma, filíocht, agus an bhfuil siad ródhúshlánach. Caithfimid smaoineamh ar chúrsaí ama, má táimid chun an teanga a mhúineadh agus ansin na téamaí agus gach rud a bhaineann leis an téacs a dhéanamh. Má tá sé ródheacair nó go bhfuil barraíocht téacsanna ann roghnóidh siad gnáthleibhéal a dhéanamh".*

(múinteoir Gaeltachta, fócasghrúpa)

Fáiltíodh go forleathan roimh sholúbthacht na dtéacsanna léitheoireachta ó sheánraí éagsúla. Mhol rannpháirtithe an chomhairliúcháin gur cheart téacsanna nua-aimseartha le húdair nua agus as seánraí nuálacha a chomhtháthú sna liostaí litríochta taobh le téacsanna liteartha traidisiúnta. Ag tagairt don raon seánraí atá beartaithe, mhol líon beag rannpháirtithe go bhféadfadh múinteoirí filíocht seachas amhrán a roghnú agus ar an ábhar sin mhol siad go gcaithfeadh scoláirí staidéar a dhéanamh ar dhá amhrán, ar a laghad. D'fháiltigh rannpháirtithe eile roimh an moladh go ndéanfaí staidéar ar thrí dhán le 'mórfhile' amháin chun tuiscint níos doimhne a fháil ar stíl an fhile agus ar oidhreacht an cheantair, cé gur cheistigh roinnt acu conas a roghnófaí 'mórfhilí'. D'fháiltigh líon beag rannpháirtithe sna fócasghrúpaí roimh théacsanna neamhliteartha a chur san áireamh agus thug siad le fios go soláthróidís nasc barántúil beo le pobail Ghaeilge. Fáiltíodh roimh an moladh go n-áireofaí scannáin nó téacsanna closamhairc mar sheánra, agus mhol líon beag rannpháirtithe gur cheart go mbeadh an chatagóir seo leathan go leor chun scannáin dhírbheathaisnéiseacha a chur san áireamh. Mhol líon suntasach rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí T1 go gcuirfí an béaloideas áitiúil agus an litríocht áitiúil san áireamh, chun nasc a chruthú idir an scoláire agus an pobal áitiúil. D'aithin siad é sin mar bhunchloch is fiú a fhorbairt ón tsraith shóisearach, go háirithe don chainteoir dúchais, agus mhol roinnt rannpháirtithe cothromaíocht a bhaint amach idir litríocht áitiúil agus litríocht ó cheantair eile, chun feasacht an scoláire ar oidhreacht, ar chultúr agus ar chanúintí a mhéadú. Mhol líon beag rannpháirtithe go bhféadfaí litríocht áitiúil a phlé le linn na béaltrialach. Bhí rannpháirtithe eile amhrasach faoin méid béaloidis a bhain le ceantair áirithe sa tír, agus mar sin mhol siad gan béaloideas a chur leis, nó ar a laghad, gan béaloideas áitiúil a chur leis an litríocht dualgais. Chuir líon beag rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí agus in agallaimh imní in iúl faoi fhad na dtéacsanna, ag moladh gur cheart téacsanna níos giorra a chur ar na liostaí litríochta. Mheas daoine eile, go háirithe rannpháirtithe ó chomhthéacs T1, tábhacht a bheith ag baint le teagmháil le saothair litríochta ina n-iomláine seachas sleachta nó caibidlí roghnaithe as téacsanna, d'fhonn tuiscint níos doimhne ar, meas ar agus taitneamh as an litríocht a fhorbairt. Bhí roinnt rannpháirtithe, ó chomhthéacsanna T1 agus T2 araon, den bharúil go nglacfadh teagmháil le téacs litríochta ina iomláine barraíocht ama.

D'fháiltigh go leor rannpháirtithe roimh na féidearthachtaí a bhí ar fáil do mhúinteoirí chun téacsanna a roghnú a bheadh oiriúnach agus suimiúil do chohórt áirithe scoláirí, agus moladh go n-athrófaí na liostaí litríochta go rialta. I gcodarsnacht leis sin, nuair a iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé freagra a thabhairt ar an ráiteas *"Tugann raon na dtéacsanna agus an rogha atá idir seánraí áirithe scóip chun téacsanna atá oiriúnach do thaithí, do chomhthéacsanna agus do riachtanais an scoláire a roghnú"*, bhí deighilt ní ba mhó le feiceáil. D'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 56% díobh siúd a d'fhreagair suirbhé T1 agus d'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 68% díobh siúd a d'fhreagair suirbhé T2 leis an ráiteas sin. Ar an iomlán, mhol na rannpháirtithe gur cheart go mbeadh ábhar na dtéacsanna liteartha suimiúil agus ábhartha do dhéagóirí. Mhol roinnt rannpháirtithe gur

gá cothromaíocht a bhaint amach idir téacsanna atá dírithe ar dhéagóirí, agus téacsanna a thugann deiseanna don scoláire tuiscint a fháil ar raon téamaí, smaointe agus príomhphearsana níos leithne.

*"Moltar réimse ábhair sa litríocht laistigh de na seánraí le téamaí a thagann le hábhair spéise dhéagóirí na linne. Moltar éagsúlacht a thabhairt san áireamh le meascán de litríocht chomhaimseartha agus litríocht a thabharfaidh feasacht chultúrtha faoi bhráid an scoláire".*

(Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí, aighneacht scríofa)

Cuireadh imní in iúl faoi roghnú na dtéacsanna cuí mar gheall ar ghanntanas na litríochta atá ar fáil atá comhaimseartha agus a oireann do chumas agus do spéiseanna an scoláire. Cuireadh imní in iúl freisin faoi spéis agus inspreagadh an scoláire chun plé le téacsanna Gaeilge, mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo. Cuireadh tuairimí measctha in iúl maidir le ról an scoláire i roghnú na dtéacsanna agus lorgaíodh treoir bhreise ar conas a d'oibreodh sé seo go praiticiúil. Mhol líon beag rannpháirtithe sa chomhairliúchán go dtabharfaí saoirse don scoláire agus don mhúinteoir téacsanna a roghnú, gan liosta dualgais a thabhairt roimh ré.

*"Fáiltíonn muid roimh an deis a bheas ag an fhoghlaimeoir a bheith lárnach i roghnú téacsanna cé go n-aithníonn muid go bhféadfadh sé seo deacrachtaí a chruthú do mhúinteoirí i ranganna ilchumais agus i ranganna móra".*


(Eagraíocht Ghaeilge, aighneacht scríofa)

Ba é an difríocht ba láidre i measc na bhfreagraí ar shuirbhé T1 ar líne agus ar shuirbhé T2 ar líne ná go raibh sé i bhfad níos dóchúla go n-aontódh nó go n-aontódh freagróirí T1 go láidir le ról agus fís na litríochta i bhfoghlaim teanga mar a leagtar amach i ndréachtsonraíocht T1 ná mar a d'fhreagair freagróirí T2 ar a bhfuil leagtha amach i ndréachtsonraíocht T2, mar a léirítear in Aguisín 3. Leagadh béim ar thábhacht na litríochta do shealbhú teanga sna freagraí ar cheisteanna oscailte i suirbhé T1, cé go raibh scoilt níos mó i measc na gceisteanna iata. D'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 55% de na freagróirí leis an ráiteas *"Trí réimse leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, cuirtear ar chumas an scoláire scileanna cumarsáide, smaointeoireachta agus criticiúla a dhoimhniú"*, cé gur easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 45% díobh siúd leis an ráiteas seo. I measc na bhfreagróirí ar shuirbhé T2, d'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 65% díobh siúd leis an ráiteas seo. Tabhair faoi deara freisin go raibh próifíl na bhfreagróirí ar shuirbhé T1 agus T2 an-difriúil, mar a shonraítear i dTáblaí 1 agus 3 i gCuid 1 den tuarascáil seo.

I measc na bhfreagróirí ar shuirbhé T1 d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 57% leis an ráiteas *"Trí réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargas ar bhealaí inar féidir an teanga a úsáid agus a chabhróidh leis ábhair, smaointe agus coincheapa a ionramháil in ábhair eile an churaclaim"* agus d'aontaigh nó d'aontaigh 63% go láidir leis an ráiteas *"Trí réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargas ar bhealaí chun an teanga a úsáid go cruthaitheach"*. D'aontaigh 58% de fhreagróirí shuirbhé T1 leis an ráiteas *"Trí réimse leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargais ar chultúr agus ar theanga a cheantair dhúchais féin agus ceantair eile"*. I gcodarsnacht leis sin, maidir le freagraí T2 ar na ráitis chéanna, d'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 61% leis an gcéad ráiteas agus d'easaontaigh go láidir 67% leis an dara ráiteas. D'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 52% de fhreagróirí shuirbhé T2 leis an ráiteas *"Tacaíonn léamh agus ionramháil téacsanna Gaeilge (liteartha agus neamhliteartha) le forbairt na gcúig scil chumarsáide"*. Chuir freagróirí ar shuirbhé T2 imní in iúl go bhféadfadh na múinteoirí múineadh trí Bhéarla mar go mbeadh sé ródheacair na téacsanna a phlé trí mheán na Gaeilge mar thoradh ar na dréachtsonraíochtaí seo.


Rinneadh roinnt plé i bhfócasghrúpaí agus in agallaimh duine le duine maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcur chuige seo ar dheiseanna an scoláire chun foghlaim ó théacsanna agus chun freagairt go barántúil agus/nó go mothúchánach do théacsanna.

Bailíodh tuairimí ar an méid litríochta atá beartaithe go rachadh an scoláire ina bhun. Chuir líon beag rannpháirtithe sa chomhairliúchán in iúl nach bhfuil dóthain difríochta ann idir an litríocht atá beartaithe sna dréachtsonraíochtaí T1 agus T2, agus bhí daoine eile sásta leis an gcosúlacht idir T1 agus T2 maidir leis an litríocht atá beartaithe. Thug cúpla rannpháirtí sa chomhairliúchán le fios nach bhfuil dóthain litríochta molta ann agus go bhfuil gá le dúshlán níos mó do scoláirí, cainteoirí dúchais go háirithe, atá ag tabhairt faoi shonraíochtaí na hArdteistiméireachta. Thug roinnt daoine le fios gur cheart go mbeadh an leibhéal céanna dúshláin ag baint le sonraíocht T1 is a bhíonn ann do scoláirí arb é an Béarla a gcéad teanga, agus/nó chun scileanna litearthachta an scoláire a fhorbairt ina n-iomláine. I gcodarsnacht leis sin, sna suirbhéanna, d'iarr 68% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus beagnach 89% de fhreagróirí shuirbhé T2 le haghaidh níos lú téacsanna, go háirithe téacsanna liteartha, ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal araon. Chuir tromlach na rannpháirtithe sa chomhairliúchán an tuairim in iúl nach bhféadfaí dul i ngleic go bríoch leis an líon téacsanna liteartha atá molta sna dréachtsonraíochtaí le linn an ama atá ar fáil (180 uair an chloig teagaisc agus foghlama ar a laghad).




*Fíor 9[3]: Freagraí ar líon na dtéacsanna atá molta don Ardleibhéal (suirbhé T1)*

[3] Eochair: RN = "Líon cuí téacsanna", FT = "Níos lú téacsanna", MT = "Níos mó téacsanna"




*Fíor 10: Freagraí ar líon na dtéacsanna atá molta don Ardleibhéal (suirbhé T2)*

*"Má tá 40 dán ar an gcúrsa Béarla, cén fáth nach féidir an méid céanna a chur ar fáil ar an gcúrsa Gaeilge san Ardteist?"*

(tuismitheoirí Gaeltachta, fócasghrúpa)

*"Fáiltímid roimh an réasúnaíocht a thugtar sna sonraíochtaí d'ionad na litríochta i siollabais na hArdteistiméireachta, ach braithimid go bhfuil bearna mhór idir na prionsabail a luaitear ansin agus an líon an-bheag téacsanna litríochta a luaitear leis an dá shonraíocht".*

(Institiúid Ard-Oideachais, aighneacht scríofa)

*"Bhí muid buartha go mbeadh scoláirí á gcailliúint againn dá mbeadh difríocht mhór idir litríocht T1 agus litríocht T2. Tá muid sásta é sin a chloisteáil" (nach mór an difear a bheadh ann)".*

(múinteoir T1, fócasghrúpa)

Thug tromlach na rannpháirtithe le fios go bhféadfaí go mbeadh níos lú deiseanna d'fhorbairt na Gaeilge labhartha sa rang mar thoradh ar bhéim mhéadaithe ar an litríocht. Mhol roinnt daoine go laghdófaí an t-ualú atá beartaithe don litríocht sa scrúdú deiridh agus mhol go leor, go háirithe iad siúd a d'fhreagair maidir le dréachtsonraíocht T2, an litríocht a bhaint go hiomlán de shonraíocht T2, go háirithe don Ghnáthleibhéal. Ó am go chéile, rinneadh comparáidí le foghlaim teangacha iasachta i scoileanna (Fraincis agus Gearmáinis na teangacha iasachta is mó a luadh) mar argóint nach ndéanfadh scoláirí a bhí ag foghlaim na Gaeilge staidéar ar an litríocht, cé nár tugadh aitheantas do na difríochtaí maidir le fad ama ag foghlaim na teanga, agus foghlaim an dara teanga i gcomparáid le foghlaim teangacha iasachta. Mhol rannpháirtithe eile go ndéanfadh an mheitheal forbartha athbhreithniú arís le cinntiú go bhfuil cothromaíocht chuí á baint amach sna dréachtsonraíochtaí idir glacadh le litríocht ar na cúiseanna go léir a leagtar amach sna dréachtsonraíochtaí, agus glacadh le forbairt scileanna teanga. Mhol go leor rannpháirtithe múnla soláthair eile do Ghaeilge na hArdteistiméireachta, chun staidéar a dhéanamh ar an litríocht mar chúrsa neamhspleách. Déantar tagairt don smaoineamh sin thíos i gCuid 4: Ceisteanna Córasacha.

Tháinig comhthéacsanna difriúla teagaisc chun cinn mar chúinse suntasach i roinnt den aiseolas. Mar shampla, chuir go leor múinteoirí atá ag múineadh i gcomhthéacsanna T2 in iúl go bhfuil na

téacsanna reatha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta ródhúshlánach. I gcomparáid leis sin, cheistigh go leor múinteoirí Gaeltachta caighdeán na dtéacsanna liteartha ar Liosta Téacsanna reatha na hArdteistiméireachta agus thug siad le fios nach raibh an litríocht sách dúshlánach riamh don scoláire i scoileanna lán-Ghaeilge, go háirithe do chainteoirí dúchais.

Téama comónta eile ar leagadh béim air le linn an chomhairliúcháin ab ea a dhúshlánaí atá sé trácht a dhéanamh ar an gcur chuige i leith téacsanna agus litríochta, toisc nach bhfuil aon liosta litríochta ar fáil fós. Luaigh na rannpháirtithe éiginnteachtaí maidir le cáilíochtaí teanga agus raon na dtéacsanna. Ba láidre an t-aiseolas seo i gcruinnithe déthaobhacha, i bhfócasghrúpaí le múinteoirí, i roinnt agallamh, agus i bhfreagraí oscailte ar shuirbhé T1. Leagadh béim freisin le linn an chomhairliúcháin ar a thábhachtaí atá sé go n-éistfí le guthanna agus dearcthaí múinteoirí agus scoláirí nuair a bheidh liostaí téacsanna á gcur le chéile le haghaidh shonraíochtaí athbhreithnithe Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Luadh freisin gur cheart go mbeadh na téacsanna a roghnaítear éagsúil agus ionchuimsitheach.

*"Níl aon litríocht curtha ar fáil ach oiread. Is cuid lárnach de shonraíochtaí na Gaeilge í an litríocht. Mar sin, cén fáth nach bhfuil fáil ar an liosta litríochta anois chun tuiscint níos iomláine a thabhairt do chuile dhuine ar spéis leo an t-ábhar seo?"*

(Eagraíocht Mhúinteoirí, aighneacht scríofa)

*"Nílimid ag iarraidh liosta cuimsitheach de théacsanna, ach ba bhreá linn a fheiceáil cén saghas téacsanna atá i gceist."*

(rannpháirtí i bhfócasghrúpa)

Cuireadh tuairimí in iúl maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh liostaí téacsanna díreach mar a chéile nó difriúil do scoláirí a bhí i mbun staidéar ar shonraíocht T1 nó T2; nó dóibh siúd a roghnaíonn an scrúdú deiridh a dhéanamh ag gnáthleibhéal nó ag ardleibhéal. Cheistigh roinnt rannpháirtithe an bhféadfadh an litríocht a bheith ina bac don scoláire ar mhian leis bogadh ó T1 go T2, nó a mhalairt. Mhol roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúchán liosta litríochta molta a sholáthar seachas liosta dualgais. Chuir rannpháirtithe eile imní in iúl go bhféadfaí cás a bheith ann mar thoradh ar liosta molta seachas liosta dualgais ina mbeadh scrúdaitheoirí a bheadh ag ceartú na scrúduithe deiridh aineolach ar na téacsanna go léir a raibh an scoláire ag tagairt dóibh. Luadh an imní sin freisin maidir leis an litríocht áitiúil a chur leis. D'fháiltigh roinnt rannpháirtithe roimh an smaoineamh go ndéanfadh an scoláire a dhéanann an scrúdú ag ardleibhéal iniúchadh ar théacsanna breise.

*"Maidir leis na téacsanna litríochta féin, ba cheart go mbeadh idirdhealú déanta sna téacsanna litríochta idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal le freastal ceart a dhéanamh ar riachtanais gach dalta".*

(Roinn Gaeilge Scoil T2, aighneacht scríofa)

Tugadh le fios freisin, áfach, go bhféadfadh go mbeadh drogall ar scoláirí leanúint ar aghaidh leis an gcúrsa ardleibhéil má bhí 'an iomarca' litríochta i gceist leis, mar a luaigh rannpháirtithe sa chomhairliúchán. Rinneadh tagairt freisin don imní maidir le folláine an scoláire agus méid carnach nó indéantacht na sonraíochtaí ina n-iomláine á mbreithniú. D'fháiltigh go leor múinteoirí a bhí ag múineadh i suíomhanna T2 roimh an laghdú ar an méid litríochta atá molta don ghnáthleibhéal agus mhol roinnt eile go ndéanfaí é seo a laghdú tuilleadh. Chuir go leor rannpháirtithe sa chomhairliúchán an tuairim in iúl gur cheart go ndéanfaí measúnú ag gnáthleibhéal ar rannpháirtíocht an scoláire leis an litríocht tríd an scrúdú deiridh. Bhí faitíos ann nach mbeadh an

scoláire ag plé go hiomlán le téacsanna liteartha, ar mhaithe le sealbhú teanga, mura ndéanfaí measúnú orthu sa scrúdú deiridh, nó go roghnódh an scoláire tabhairt faoin ngnáthleibhéal mura bhfuil an litríocht á breithniú mar chuid den mheasúnú.

*"Gan measúnú ar an litríocht don Ghnáthleibhéal, T2, ní mhúinfear seo."*
(cruinniú déthaobhach)

*"Má tá ceisteanna litríochta ann ag an ngnáthleibhéal, ní mór féachaint ar an aidhm agus an sprioc atá taobh thiar d'aon cheisteanna scrúdaithe a chruthaítear, agus a chinntiú go bhfuil siad ag leibhéal atá oiriúnach don spriocghrúpa daltaí".*
(Roinn Gaeilge Scoil T2, aighneacht scríofa)

Chuir roinnt múinteoirí a mhúineann i gcomhthéacsanna T2 fáilte roimh an moladh gan measúnú a dhéanamh ar litríocht ag gnáthleibhéal. D'aontaigh freagróirí shuirbhé T1 gur féidir le litríocht a bheith dúshlánach don scoláire atá ag tabhairt faoin ngnáthleibhéal ach bhí siad fós i bhfabhar measúnú a dhéanamh ar roinnt litríochta ag an ngnáthleibhéal. Tugadh le fios i roinnt aighneachtaí ó chomhthéacsanna T2 gur cheart go n-iarrfaí ar scoláirí gnáthleibhéil tuiscint ar théacsanna a léiriú ach nár cheart iarraidh orthu téacsanna a ionramháil ná anailís chriticiúil a dhéanamh orthu. Cheangail rannpháirtithe áirithe an t-iarratas sin leis an bhfíric nach ndéanann scoláirí a rinne an Ghaeilge roimhe seo ag Bonnleibhéal iniúchadh ar an litríocht mar chuid dá bhfoghlaim agus dá measúnú faoi láthair agus go mbeidís ag déanamh staidéar ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta ag gnáthleibhéal as seo amach. Luadh freisin eispéiris na scoláirí agus na múinteoirí sa litríocht ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus rinneadh é seo a fhiosrú a thuilleadh mar chuid d'Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach.

### Réimsí nach mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu:

Nuair atáthar ag forbairt na sonraíochtaí a thuilleadh:

- athscrúdú a dhéanamh ar an mbéim ar an litríocht agus ar mhéid na litríochta i ndréachtsonraíochtaí T1 agus T2
- athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht litríocht áitiúil agus/nó béaloideas áitiúil a chur san áireamh mar sheánra
- athbhreithniú ar cé acu ar cheart úsáid a bhaint as liostaí litríochta molta nó liostaí litríochta dualgais
- athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu ar cheart liostaí litríochta a bheith coiteann nó idirdhealaithe do T1 agus T2 agus don ardleibhéal agus do ghnáthleibhéal

Agus na liostaí téacsanna á bhforbairt:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir maidir le roghnú na dtéacsanna, lena n-áirítear meascán de théacsanna idir shean agus nua ó raon seánraí, agus fad agus castacht na dtéacsanna
- scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht liostaí litríochta a fhoilsiú ag an am céanna leis na sonraíochtaí deiridh

Cuirtear réimsí nach mór breis machnaimh a dhéanamh orthu maidir le litríocht agus measúnú san áireamh i gCuid 2.7 thíos.

## 2.5 Struchtúr


Tá an struchtúr céanna ag dréachtsonraíochtaí T1 agus T2, a eagraítear i dtrí shnáithe a thacaíonn lena chéile. Is í an chumarsáid an príomhshnáithe, a fhaigheann tacaíocht ó dhá shnáithe eile, is iad sin Feasacht agus Cruthaitheacht Teanga. Cuirtear na gnéithe a luaitear i snáitheanna ar leithligh san áireamh ar mhaithe le soiléireacht ach tá sé beartaithe cur chuige comhtháite a ghlacadh i leith snáitheanna agus gnéithe.

Fáiltíodh go forleathan roimh an struchtúr atá beartaithe sna dréachtsonraíochtaí, na snáitheanna, na gnéithe agus an comhtháthú idir na scileanna teanga sna fócasghrúpaí agus in agallaimh duine le duine, agus i líon beag aighneachtaí scríofa. Labhair roinnt rannpháirtithe sna fócasghrúpaí go dearfach faoin mbéim a leagtar sna dréachtsonraíochtaí ar chomhtháthú scileanna.


*“Tá na snáitheanna snoite le chéile cosúil le suimint agus blocanna. Tá comhtháthú i gceist agus iad ag tacú lena chéile”.*

(múinteoir Gaeltachta T1, agallamh)

I gcodarsnacht leis sin, d’easaontaigh nó d’easaontaigh freagróirí shuirbhéanna T1 agus T2 go láidir leis an ráiteas, *“Léiríonn an struchtúr go han-soiléir idirspleáchas na snáitheanna agus mar a thacaíonn siad le comhtháthú na mórscileanna teanga”*. Ba mhinic a thug freagróirí ar shuirbhé T2 le fios go raibh an cur chuige a leagtar amach sna snáitheanna rótheibí. D’easaontaigh nó d’easaontaigh go láidir tromlach na bhfreagróirí ar shuirbhéanna T1 agus T2 (68% agus 75% faoi seach) go bhfuil struchtúr soiléir ar na dréachtsonraíochtaí d’fhoghlaim agus do theagasc na Gaeilge. D’easaontaigh nó d’easaontaigh 65% (T1) agus 66% (T2) go láidir go dtugann an chuid ‘Forbhreathnú ar an gCúrsa’ léiriú ar an gcineál eispéiris a bheidh ag an scoláire mar thoradh ar na dréachtsonraíochtaí. I measc na bhfreagróirí ar na suirbhéanna, d’easaontaigh nó d’easaontaigh go láidir 66% (T1) agus 74% (T2) go raibh béim chuí le feiceáil ar fhorbairt na mórscileanna teanga agus inniúlachtaí teanga trasna na snáitheanna mar a léirítear sna graif thíos.





*Fíor 11: Freagra ar an ráiteas “Tá béim chuí ar fhorbairt na mórscileanna agus na n-inniúlachtaí teanga trasna na snáitheanna.” (suirbhé T1)*





*Fíor 12: Freagra ar an ráiteas "Tá béim chuí ar fhorbairt na mórscileanna agus na n-inniúlachtaí teanga trasna na snáitheanna." (suirbhé T2)*

Cé gur thug roinnt rannpháirtithe le fios go bhfuil béim chuí á cur ar Chumarsáid, d'áitigh go leor rannpháirtithe eile nach amhlaidh an cás. Chuir roinnt rannpháirtithe an tuairim in iúl go bhfuil cothromaíocht chuí idir scil na labhartha agus scil na scríbhneoireachta, agus go dtugann siad seo tacaíocht dá chéile; thug cuid eile le fios gurbh í scil labhairt na Gaeilge an phríomhscil gur cheart don scoláire a fhorbairt. Ba mhinic a cuireadh an dearcadh sin in iúl taobh le fonn go mbeadh an Ghaeilge á labhairt níos forleithne taobh amuigh de na scoileanna, cé gur thug rannpháirtithe eile le fios go mbeadh saibhreas teanga, béim ar labhairt na Gaeilge agus béim ar chruinneas teanga a fheabhsú, idir labhartha agus scríofa, ag tacú lena chéile seachas san iomaíocht lena chéile mar scileanna teanga.

Fáiltíodh roimh an snáithe 'Feasacht' go ginearálta i bhfócasghrúpaí agus i gcruinnithe déthaobhacha, mar aon leis an deis seans a thabhairt don scoláire tuiscint a fháil ar chultúir agus ar theangacha eile, cé go raibh ceist ag cuid acu cé chomh maith agus atá an fheasacht teanga á leabú sa tsraith shóisearach. Luaigh roinnt rannpháirtithe go dtacaíonn feasacht teanga agus feasacht chultúrtha leis an scoláire tuiscint a fháil ar thábhacht an phobail teanga, páirt a ghlacadh sa phobal sin agus ionannú leis. D'aontaigh tromlach na bhfreagróirí ar an suirbhé, mar a léirítear sna graif thíos, go bhfuil féinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga tábhachtach don dul chun cinn. Luaigh roinnt daoine go bhfuil féinfheasacht an fhoghlaimeora fite fuaite go nádúrtha sa phróiseas foghlama féin. Mhol freagróirí ar shuirbhé T1 go bhfuil an snáithe seo róshuibiachtúil le haghaidh measúnú suimitheach ar nós na hArdteistiméireachta Bunaithe reatha, a bhfuil gealltа arda ag baint leis; go bhfuil an iomarca béime ar mhachnamh i gcoitinne sna dréachtsonraíochtaí. Mhothaigh rannpháirtithe a rinne trácht ar shonraíochtaí T2 nach mbeadh an stór focal, ná nach mbeadh an mhuinín, ag an scoláire i suíomh T2 machnamh a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tháinig moladh chun cinn maidir le breithniú ar conas a d'fhéadfaí an snáithe seo a nascadh go soiléir le heochairscileanna na Sraithe Sinsearaí sna dréachtsonraíochtaí.




*Fíor 13: Freagra ar an ráiteas "Tá an fhéinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí a bhíonn ag an scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh" (suirbhé T1)*




*Fíor 14: Freagra ar an ráiteas "Tá an fhéinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí a bhíonn ag an scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh" (suirbhé T2)*

Bhí cur agus cúiteamh forleathan faoi Chruthaitheacht Teanga, sraith nua atá beartaithe. Maíodh go gcothóidh Cruthaitheacht Teanga deiseanna don scoláire fanacht lena spéiseanna agus a bheith níos neamhspleáiche ina chuid foghlama. D'fháiltigh go leor rannpháirtithe roimh Chruthaitheacht Teanga a chur san áireamh agus luaigh siad gur scil ar feadh an tsaoil í seo, a mbainfeadh an scoláire leas as a fhorbairt. Luaigh go leor rannpháirtithe go bhfuil sé go maith do mhúinteoirí cabhrú le foghlaimeoirí éirí ina smaointeoirí cruthaitheacha, atá criticiúil agus nuálach ina gcuid smaointe féin, go neartóidh sé seo a scileanna teanga, go bhfeabhsóidh sé dul chun cinn a gcumas teanga, go gcuirfidh sé leis an taitneamh a bhaintear as an bhfoghlaim agus go mbainfeadh sé ó tharraingteacht na foghlama de ghlanmheabhair mar bhealach níos éasca ar fhíor-shealbhú teanga. Moladh go bhféadfaí raon scileanna a fhorbairt, amhail drámaíocht agus díospóireachtaí, agus go bhféadfadh

an snáithe seo léiriú tábhachtach a chur in iúl i bpunann teanga an scoláire. Luadh go gcaithfidh múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus daoine eile a bheith sásta glacadh le botúin sa Ghaeilge agus scoláirí ag tabhairt faoin gCruthaitheacht Teanga.

*"Deis sa cheapadóireacht a bheith cruthaitheach – ann cheana féin ach níos foirmiúla anois"*

(Múinteoir T2, fócasghrúpa)

Chuir go leor rannpháirtithe eile imní in iúl nach rachaidh an scoláire a bhfuil deacracht aige leis an teanga i mbun Cruthaitheacht Teanga. Thug roinnt rannpháirtithe le fios, cé gurbh fhéidir le cainteoirí dúchais a bheith cruthaitheach ina n-úsáid teanga, go bhfuil sé i bhfad níos deacra a bheith samhlaíoch i dteanga nach í do chéad teanga í nó teanga nach bhfuil muinín agat as do chumas inti. Cuireadh an imní sin in iúl arís i suirbhé T2, áit ar léirigh go leor freagróirí an dearcadh go bhfuil an snáithe 'Cruthaitheacht Teanga' ródhúshlánach do scoláirí T2, go háirithe iad siúd atá fós ag iarraidh máistreacht a fháil ar bhunscileanna Gaeilge. Dúirt freagróirí shuirbhé T1 freisin go bhfuil an snáithe ar chruthaitheacht ró-idéalaíoch agus d'áitigh siad nach mbainfeadh sé a spriocanna foghlama amach, cé nach raibh an t-aiseolas sin chomh coitianta céanna i gcruinnithe déthaobhacha, fócasghrúpaí agus agallaimh duine le duine. Mhol líon beag rannpháirtithe an snáithe seo a fhí isteach i dtorthaí foghlama an dá shnáithe eile.

*"While again it would be very good for T1 students, I worry that the T2 students with a lower level of fluency, would not do well."*

(primary school parent, focus group)

[Aistriúchán: Cé go mbeadh sé go han-mhaith arís do scoláire T1, tá imní orm nach n-éireodh go maith leis an scoláire T2 a bhfuil leibhéal líofachta níos ísle aige.]

(tuismitheoir bunscoile, fócasghrúpa)

*"Tá sé deacair do scoláirí ag an aois seo a bheith in ann iad féin a chur in iúl go cruthaitheach. Seans go mbeidh scoláirí go maith i mbun cumarsáide ach seans nach bhfuil siad cruthaitheach".*

(múinteoir T2, agallamh)

Luadh easpa soiléireachta i dtaca le hábhar an tsnáithe seo, Cruthaitheacht Teanga, i roinnt aighneachtaí scríofa agus agallamh duine ar dhuine. Tugadh le fios go mbeadh sé an-deacair measúnú a dhéanamh ar an ngné seo gan soiléireacht chuí. Chuir go leor rannpháirtithe amhras in iúl faoi oiriúnacht an tsnáithe seo don mheasúnú suimitheach. Tháinig ceisteanna chun cinn sa chomhairliúchán faoin ngá le snáithe cruthaitheachta sa dréachtsonraíocht agus luadh gur chruthaigh sé seo difear idir an tsonraíocht do Ghaeilge na hArdteistiméireachta ó thaobh struchtúir agus uaillmhéine de, agus na céimeanna luatha d'fhoghlaim na Gaeilge sa bhunscoil agus go háirithe sa tsraith shóisearach.

*"Tá sé de thuairim againn nach bhfuil gá le 3 shnáithe agus go mbeadh a ndóthain le Snáithe amháin le cúig scil teanga, an próiseas sealbhaithe teanga agus eochairscileanna na Sraithe Sinsearaí mar bhunús ann nó ag leanúint ar aghaidh ó Churaclam Teanga na Bunscoile, go mbeadh Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht mar shnáitheanna. Moltar feasacht teanga (Snáithe 2) a threisiú tríd na scileanna thuasluaite agus go mbeadh cruthaitheacht (Snáithe 3) fite fuaite trí na scileanna*

*teanga mar ghnéithe nó más gá trí shnáithe, moltar go mbeadh na snáitheanna don tSraith Shinsearach mar an gcéanna leis na snáitheanna don tSraith Shóisearach".*

(Eagraíocht Oideachais, aighneacht scríofa)

*"Tá snáithe nua ann, Snáithe 3 Cruthaitheacht Teanga. Níl na deiseanna a bheadh ag scoláirí na torthaí foghlama seo a bhaint amach agus a mheas soiléir. Cad a bheadh i gceist anseo".*

(Roinn Gaeilge Scoil T2, aighneacht scríofa)

**Réimsí nach mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu:**

Nuair atáthar ag forbairt na sonraíochtaí a thuilleadh:

- athscrúdú a dhéanamh ar ionchais foghlama sa chuid 'Forbhreathnú ar an gCúrsa' d'fhonn tuiscint níos soiléire a thabhairt ar an gcineál eispéiris a bheartaítear don scoláire
- athscrúdú a dhéanamh ar an struchtúr trí shnáithe, lena n-áirítear an t-idirghníomhú agus an comhtháthú eatarthu
- athscrúdú a dhéanamh ar cheart níos mó béime a chur ar scileanna labhartha
- athbhreithniú a dhéanamh ar na hionchais maidir le forbairt scileanna machnaimh i sonraíocht T2
- athscrúdú a dhéanamh ar an ngaol idir snáithe 'Feasacht' na ndréachtsonraíochtaí agus príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí
- cuspóir an tsnáithe 'Cruthaitheacht Teanga' a shoiléiriú.

## 2.6 Torthaí foghlama

Cuireann na torthaí foghlama síos ar an tuiscint, ar na scileanna, ar an eolas agus ar na luachanna ba cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama. Cuireadh tuairimí measctha in iúl maidir le leibhéal agus uaillmhian na dtorthaí foghlama. Bhí go leor rannpháirtithe sna fócasghrúpaí, in gcruinnithe déthaobhacha agus in agallaimh duine le duine den tuairim go bhfuil torthaí foghlama na ndréachtsonraíochtaí ar leibhéal cuí agus go bhfuil siad sách uaillmhianach, ach chuir go leor eile, lena n-áirítear 81% de rannpháirtithe shuirbhé T2, an tuairim in iúl go bhfuil leibhéal thorthaí foghlama T2 ró-uaillmhianach don scoláire atá ag foghlaim na Gaeilge i gcomhthéacs T2. Chuir líon beag rannpháirtithe comhairliúcháin, go ginearálta iad siúd a bhí ag déanamh trácht ar shonraíocht T1, an tuairim in iúl nach bhfuil na torthaí foghlama uaillmhianach go leor.

San aiseolas comhairliúcháin, rinneadh cur síos éagsúil ar thorthaí foghlama T1 agus T2 mar thorthaí foghlama a bhí an-soiléir nó rótheicniúil; róchúng agus róshaintreorach nó róleathan agus róghinearálta. Téama a tháinig aníos arís agus arís eile san aiseolas comhairliúcháin ab ea go bhfuil easpa soiléireachta sna torthaí foghlama sa dá dhréachtsonraíocht, agus go gcruthódh sé sin fadhbanna agus pleanáil á déanamh don teagasc agus don fhoghlaim. Mheas 69% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus 64% de fhreagróirí shuirbhé T2 go raibh na torthaí foghlama doiléir nó an-doiléir i leith na pleanála don fhoghlaim agus don teagasc. Agus na daoine a bhfuil na sonraíochtaí curaclaim dírithe orthu á bplé, moladh go ndéanfaí na torthaí foghlama a shimpliú chun rannpháirtíocht na múinteoirí, na scoláirí agus na dtuismitheoirí a fheabhsú. Luaigh go leor rannpháirtithe nach féidir na torthaí foghlama atá sna dréachtsonraíochtaí a mheas i gceart go dtí go mbeidh tuilleadh eolais ar fáil fúthu, go háirithe tuiscint shoiléir ar an gcaighdeán atá ag teastáil. Mhol daoine eile go gcaithfí

saoirse na n-eispéireas foghlama a choinneáil, agus gur cheart liostaí d'ábhair atá le clúdach a sheachaint.

*"These outcomes are too vague and ambiguously specify goals that cannot be reasonably measured. If the curriculum aims to teach and examine the learning outcomes, these outcomes should be singular and unambiguous, with clear measurable quantities"*

(L1 student, survey)

[Aistriúchán: "Tá na torthaí seo ródhoiléir agus sonraíonn siad spriocanna go débhríoch nach féidir a thomhas go réasúnach. Má tá sé mar aidhm ag an gcuraclam na torthaí foghlama a mhúineadh agus a scrúdú, ba cheart go mbeadh na torthaí seo uatha agus gan débhrí, le cainníochtaí soiléire intomhaiste".]

(Scoláire T1, suirbhé)

*"Sílimid nach leor sraith de thorthaí foghlamtha a bheith mar threoir do mhúinteoirí atá le bheith ag tabhairt faoi chúrsa atá chomh tábhachtach seo agus gur chóir go mbeadh cúrsa cuimsitheach soiléir leagtha síos dúinn".*

(Scoil T2, aighneacht scríofa)

Cáineadh an easpa de dhifear suntasach idir torthaí foghlama T1 agus T2, go háirithe i gcruinnithe déthaobhacha, suirbhéanna T1 agus i roinnt aighneachtaí scríofa. Chuir go leor rannpháirtithe imní in iúl faoi neamh-chomhsheasmhacht i léirmhíniú na dtorthaí foghlama, laistigh de scoileanna agus eatarthu, i measc foilsitheoirí téacsleabhar difriúla, nuair atá scrúduithe á ndearadh agus i measc múinteoirí a dhéanann measúnú ar cháilíocht obair an scoláire sna scrúduithe deiridh thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit.


*"Is díol suntais é nach bhfuil difríocht ar bith idir na torthaí foghlama atá leagtha amach sa dá shonraíocht don 'Labhairt', cé gurb í sin an réimse is mó ina samhlófaí difríochtaí idir próifílí cumais an dá ghrúpa. Is sna torthaí foghlama a bhaineann leis an 'Léamh' is mó a fheictear difríochtaí idir an dá shonraíocht, ach feictear dúinn go mbaineann go leor de na difríochtaí sin (m.sh. 'iontaofacht foinsí eolais a thuiscint' nó 'a mheas') le cumais chognaíocha (scileanna atá níos airde ar thacsanomaíocht Bloom) seachas le cumais teanga".*

(Eagraíocht Ard-Oideachais, aighneacht scríofa)


Mar a fiosraíodh cheana maidir le haidhmeanna na ndréachtsonraíochtaí, labhair scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le canúintí a chur leis na torthaí foghlama. Mhol líon beag tuismitheoirí bunscoile agus múinteoirí T2 gur cheart na torthaí foghlama sna dréachtsonraíochtaí a bhunú ar scil an aistriúcháin agus luaigh cuid acu go gcuideodh sé seo le freastal ar an éileamh ar aistritheoirí i saol na hoibre.

Cheistigh roinnt rannpháirtithe comhairliúcháin cé acu a d'fhreastalódh torthaí foghlama T1 agus T2 ar gach scoláire nó nach bhfreastalódh, go háirithe scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu. Chuir líon beag amhras in iúl faoi chuid de na briathra, agus iad ag ceistiú conas a dhéanfaí measúnú orthu. Mhol cúpla rannpháirtí sa chomhairliúchán go bhfuil an iomarca torthaí foghlama ann agus d'iarr siad go seachnófaí athrá ar thorthaí foghlama m.sh. L2 3.13, 3.14, 3.15, atá an-chosúil lena chéile dar le rannpháirtithe sa chomhairliúchán. D'iarr roinnt rannpháirtithe soiléireacht ar an bhfoclaíocht a úsáideadh i roinnt torthaí foghlama. Nuair a fiafraíodh de fhreagróirí ar shuirbhéanna T1 agus T2 an dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe 'Cruthaitheacht Teanga' leis

an scoláire forbairt mar smaointeoir criticiúil cruthaitheach, d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 41% de fhreagróirí T1 agus 21% de fhreagróirí T2, agus d'easaontaigh nó d'easaontaigh go láidir 59% de fhreagróirí T1 agus 79% de fhreagróirí T2, mar a léirítear sna graif thíos.




*Fíor 15: Freagairt ar an ráiteas "cé chomh hoiriúnach is atá na torthaí foghlama sa snáithe seo chun tacú le cumas an scoláire forbairt mar smaointeoir criticiúil agus cruthaitheach" (suirbhé T1)*




*Fíor 16: Freagairt ar an ráiteas: "cé chomh hoiriúnach is atá na torthaí foghlama sa snáithe seo chun tacú le cumas an scoláire forbairt mar smaointeoir criticiúil agus cruthaitheach (suirbhé T2).*

Mhol roinnt rannpháirtithe i gcruinnithe déthaobhacha agus i líon mór d'aighneachtaí scríofa na dréachtsonraíochtaí a ailíniú le *Languages Connect: Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026* agus le tagarmharcanna idirnáisiúnta nó le creat measúnaithe maidir le sealbhú teangacha iasachta agus sealbhú an dara teanga, amhail an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE). Moladh go gcinnteodh sé sin teagasc agus foghlaim éifeachtach. Áitíodh go léireodh ailíniú le creat an leibhéal Gaeilge a ghnóthaigh an scoláire agus go dtabharfadh sé treoir ar conas a inniúlacht a fheabhsú ar fud gach scile teanga, agus líon beag rannpháirtithe ag moladh ailíniú le FTCE trasna an chórais oideachais ón réamhscolaíocht go dtí an tríú leibhéal. Ceistíodh cén

fáth ar luadh FTCE i sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí ach nár luadh i sonraíochtaí na Sraithe Sinsearaí é. Chuir líon beag rannpháirtithe sna fócasghrúpaí amhras in iúl faoi cé chomh hoiriúnach a bhí sé dréachtsonraíochtaí T1 don Ghaeilge, atá dírithe ar chainteoirí dúchais nó ar chainteoirí laethúla, a ailíniú le creat a dearadh do shealbhú an dara teanga agus teanga iasachta.

*"Má bhíonn na sonraíochtaí ailínithe leis an FTCE, ba cheart go mbeadh an ceangal idir na sonraíochtaí agus an FTCE soiléir agus trédhearcach. Ní leor lipéid na leibhéal 'B1' nó 'B2' a úsáid. Ba cheart tagairt a dhéanamh do na scálaí éagsúla cumais a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi leith cumarsáide agus scileanna faoi leith teanga… Ní mór tuairiscíní an FTCE a chur in oiriúint do chomhthéacs na hArdteiste agus na Gaeilge. Ciallaíonn sé sin gur gá na tuairiscíní a bhaineann le gníomhaíochtaí cumarsáide a chur in oiriúint do chomhthéacs sochtheangeolaíoch na Gaeilge, agus gur cheart sainiú níos mó a dhéanamh ar na scileanna teanga a bhaineann leis an nGaeilge (stór focal, gramadach, srl.), de réir mar is cuí".*

(Institiúid Ard-Oideachais, aighneacht scríofa)

*"Bheinn cúramach mar go bhfuil FTCE bunaithe ar an dara teanga. Ní oireann sé do chainteoirí dúchasacha."*

(cruinniú déthaobhach)

**Réimsí nach mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu:**

Nuair atáthar ag forbairt na sonraíochtaí a thuilleadh:

- athbhreithniú a dhéanamh ar shoiléireacht teanga agus briathra gnímh na dTorthaí Foghlama
- athscrúdú a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir Torthaí Foghlama T1 agus T2
- athscrúdú a dhéanamh ar inrochtaineacht na dTorthaí Foghlama do gach scoláire
- athrá nach dteastaíonn a bhaint as na Torthaí Foghlama
- smaoineamh ar thoradh foghlama a chur san áireamh maidir le scil an aistriúcháin a fhorbairt
- athscrúdú a dhéanamh ar ailíniú Thorthaí Foghlama an tsnáithe 'Cruthaitheacht Teanga' le cuspóirí an tsnáithe

Déantar tagairt don raon feidhme a mheas tuilleadh, chomh maith le tuilleadh taighde agus machnaimh a dhéanamh ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le hailíniú le tagarmharcanna idirnáisiúnta thíos i gCuid 5: Na Chéad Chéimeanna Eile.

## 2.7 Measúnú

Tá an cur chuige i leith an mheasúnaithe atá beartaithe i ndréachtsonraíochtaí T1 agus T2 bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Luann na dréachtsonraíochtaí go ndéanfar Gaeilge na hArdteistiméireachta a mheasúnú trí mheascán de mheasúnú leanúnach, le punann shaothair an scoláire ag tacú leis, agus trí scrúdú deiridh. Tugtar le fios sna dréachtsonraíochtaí gur béaltriail agus scrúdú cluastuisceana agus scrúdú scríofa in éindí a bheadh sa scrúdú deiridh ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta, agus go ndéanfar iad seo ar fad a mheasúnú le linn an tséú bliain. Beidh dhá leibhéal sa mheasúnú deiridh do T1 agus T2 araon, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Moltar go nglacfaidh an scoláire páirt i scrúdú cainte coiteann do

T1 agus i scrúdú cainte coiteann do T2. Déanfaidh an páipéar scríofa agus an scrúdú cluastuisceana scileanna éisteachta, léitheoireachta agus scríofa a mheasúnú.

Moltar go mbeidh an rogha ag an scoláire ceann amháin as ceithre scrúdpháipéar fhéideartha a dhéanamh. Ba mhinic a tháinig ceisteanna chun cinn le linn an chomhairliúcháin faoi cé acu an mbeadh an rogha seo ag an scoláire sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú nó nach mbeadh. Cé gurbh fhéidir é seo a shoiléiriú sna modhanna comhairliúcháin comhráiteacha (fócasghrúpaí, cruinnithe déthaobhacha agus agallaimh le múinteoirí), níor soiléiríodh é i ndearadh an tsuirbhé agus ní raibh sé soiléir dóibh siúd a rinne aighneachtaí scríofa. Tá foghlaim do CNCM sa taithí seo, mar de thoradh ar an easpa soiléire seo bhí an cheist seo ar fud cuid mhór den aiseolas a fuarthas. Tabhair faoi deara freisin gur tharla an comhairliúchán ar Dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta sular foilsíodh Tuarascáil Chomhairleach CNCM ar Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach agus freagra an Aire Oideachais Norma Foley ar an tuarascáil sin. I measc na n-athruithe don tSraith Shinsearach, fograíodh go ndéanfadh scoláirí ceann amháin den dá pháipéir scrúdaithe don Ghaeilge ag deireadh an chúigiú bliain, mar bheart eatramhach go dtí go dtabharfar sonraíochtaí athbhreithnithe Gaeilge isteach.

Tabhair faoi deara freisin gur tharla an comhairliúchán ar Dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta sular foilsíodh Tuarascáil Chomhairleach CNCM ar Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach agus freagra an Aire Oideachais Norma Foley ar an tuarascáil sin, lenar áiríodh an fógra go ndéanfadh an scoláire ceann amháin den dá pháipéir scrúdaithe don Ghaeilge ag deireadh an chúigiú bliain, mar bheart eatramhach go dtí go dtabharfar sonraíochtaí athbhreithnithe Gaeilge isteach.

Cuireadh tuairimí measctha in iúl maidir le raon an mheasúnaithe agus na féidearthachtaí don mheasúnú. Tugadh moladh d'éagsúlacht na modhanna measúnaithe sna haighneachtaí scríofa chomh maith leis an ailíniú idir an measúnú agus aidhmeanna agus réasúnaíocht an dá dhréachtsonraíocht. Mhol go leor rannpháirtithe go n-athrófaí an struchtúr agus na comhpháirteanna measúnaithe atá beartaithe, d'fhonn róspleáchas ar fhoghlaim de ghlanmheabhair a laghdú, go háirithe iad siúd a d'fhreagair ar dhréachtsonraíocht T2.

Rinne go leor rannpháirtithe trácht ar luach na modhanna measúnaithe nuálacha, agus mhol go leor acu tionscadal nó measúnú rangbhunaithe mar chuid den mheasúnú leanúnach. Mhol roinnt rannpháirtithe go gcuirfí béim ar mheasúnú leanúnach sa chúigiú agus sa séú bliain chun an brú ar an scoláire a laghdú. Mhol líon beag rannpháirtithe go ndéanfadh an scoláire dhá bhéaltriail ag dhá phointe dhifriúla mar chuid dá rannpháirtíocht leis na sonraíochtaí, chun cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsúchán agus chun níos mó béime a chur ar chumarsáid sa seomra ranga. Bhí imní ar dhaoine eile go gcruthódh measúnú leanúnach an iomarca tréimhsí measúnaithe i imeacht an dá bhliain. Fáiltíodh roimh an bPunann Teanga go forleathan toisc go bhféadfadh sí tacú le dul chun cinn an scoláire san fhoghlaim agus í a dhoiciméadú. Tugtar breac-chuntas ar an aiseolas ar Phunann Teanga shaothair an scoláire sa chuid roimhe seo den tuairisc seo.

*"(Moltar)... na cineálacha éagsúla measúnaithe chun réimsí sonracha deacrachta nó láidreachta an scoláire a shainaithint".*

(Príomhoide sa Ghaeltacht, aighneacht scríofa)

*“Ní mór féachaint ar na measúnuithe ar na páipéir scrúdaithe agus féachaint ar na haidhmeanna agus ar na spriocanna atá taobh thiar díobh, agus tascanna a chothóidh spéis sa teanga agus atá oiriúnach do dhaltaí an lae inniu a chruthú”.*

(Roinn Gaeilge Scoil T2, aighneacht scríofa)

D’fhreagair 76% de fhreagróirí T1 agus 78% de fhreagróirí T2 go diúltach ar an gceist *“An dtacóidh an measúnú mar a leagtar amach sa dréachtsonraíocht le forbairt na mórscileanna teanga go léir, éisteacht, léitheoireacht, idirghníomhú labhartha agus scríbhneoireacht?”* D’fhreagair 75% de fhreagróirí T1 agus 74% de fhreagróirí T2 go diúltach ar an gceist *“An dtacóidh an dréachtsonraíocht seo le húsáid raon leathan agus oiriúnach de mhodhanna measúnaithe ar bhonn foirmitheach agus suimitheach?”* Cuireadh amhras in iúl faoin gcaighdeán a theastaíonn i bhfreagairtí an scoláire agus thug mórán le fios, go háirithe in aighneachtaí scríofa, gur cheart go mbeadh critéir measúnaithe sna dréachtsonraíochtaí. Moladh eiseamláirí de mheasúnú, scrúdpháipéir shamplacha agus scéim marcála shamplach a chur ar fáil chun cabhrú le múinteoirí sprioc na dtorthaí foghlama a thuiscint níos fearr.

*“Is cur i gcéill é gan páipéar os ár gcomhair le go mbeidh muid in ann an caighdeán ceistiúcháin a mheas agus comparáid a dhéanamh idir T1 agus T2”.*

(rannpháirtí i bhfócasghrúpa)

Bhain ceann de na téamaí is mó in aiseolas an tsuirbhé le Gaeilge labhartha a chur chun cinn, in eispéiris saoil an scoláire ar na dréachtsonraíochtaí sa seomra ranga, agus trí mheasúnú ar chumas an scoláire Gaeilge a labhairt. Cuireadh tuairimí difriúla in iúl maidir le hoiriúnacht na béaltrialach reatha. Chuir mórán in iúl an tuairim nach bhfuil an bhéaltriail, mar atá sí struchtúrtha faoi láthair, ina teist iontaofa ar inniúlacht labhartha an scoláire.

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 27 | 31.8% |
| 2 | 12 | 14.1% |
| 3 | 16 | 18.8% |
| 4 | 14 | 16.5% |
| 5 | 16 | 18.8% |
| Iomlán | 85 | 100% |

*Fíor 17: Freagra chun éifeachtacht na béaltrialach a rátáil (suirbhé T1). Bhí scála ann ó “an-mhí-éifeachtach” (1 ar an scála) go dtí “an-éifeachtach” (5 ar an scála)*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 30 | 28.0% |
| 2 | 15 | 14.0% |
| 3 | 18 | 16.8% |
| 4 | 12 | 11.2% |
| 5 | 32 | 29.9% |
| Iomlán | 107 | 100% |

*Fíor 18: Freagra chun éifeachtacht na béaltrialach a rátáil (suirbhé T2)*

Ag féachaint ar an am atá le teacht, i ndréachtsonraíochtaí athbhreithnithe T1 agus T2 le haghaidh na Gaeilge, b’ábhar mór cuir agus cúitimh le linn an chomhairliúcháin agus san aiseolas

comhairliúcháin é an céatadán marcanna a bhronntar ar an mbéaltriail. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl gur cheart go mbeadh an céatadán marcanna a bhronntar ar an mbéaltriail a bheith ag brath ar a bhailí agus a d'fhéadfadh an bhéaltriail a bheith mar mheasúnú ar an inniúlacht labhairt agus idirghníomhú i nGaeilge. Mhol líon beag rannpháirtithe, go háirithe múinteoirí T2, an marc le haghaidh na béaltrialach a laghdú go 35%, mar a mholtar sna dréachtsonraíochtaí, nó níos ísle fiú. Mar sin féin, níor aontaigh tromlach mór rannpháirtithe an chomhairliúcháin leis an moladh sna dréachtsonraíochtaí 35% a bhronnadh ar an mbéaltriail. Thug roinnt acu le fios nach raibh sé sin ag teacht leis an mbéim a chuirtear ar chumarsáid mar an príomhshnáithe den dá dhréachtsonraíocht. Cuireadh tuairimí in iúl go raibh tionchar dearfach ag an gcóras reatha, 40% de mharcanna ar fáil a bhronnadh ar an mbéaltriail, ar chleachtas sa seomra ranga, cé nár léirigh taighde go dtí seo gur fheabhsaigh sé go suntasach Gaeilge labhartha an scoláire, mar a phléitear i gCuid 1 thuas. Bhí dearcadh ann freisin dá laghdófaí na marcanna ar fáil don bhéaltriail de 5% go bhféadfadh sé nach mbeadh Ardleibhéal Gaeilge chomh tarraingteach don scoláire. Mhol roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúchán gur cheart na marcanna a bhíonn ar fáil don bhéaltriail a ardú.

*"Má íslítear céatadán na marcanna atá ag dul don bhéaltriail san Ardteistiméireacht, meastar go mbeidh tionchar nach beag aige sin ar an mbéim a chuireann idir mhúinteoirí agus scoláirí ar labhairt na Gaeilge sa tsraith shinsearach agus gur lú daoine, dá bharr, a bheidh ag críochnú a gcuid blianta scoile le cumas gníomhach sa teanga".*

(Gníomhaireacht Stáit, aighneacht scríofa)

Maidir le scileanna éisteachta, mhol líon beag rannpháirtithe, go háirithe i suirbhé T2, marc níos airde a bhronnadh le haghaidh cluastuisceana mar is scil thábhachtach í an éisteacht a chabhraíonn leis an scoláire a scileanna a fheabhsú maidir le labhairt na teanga. Tugadh moladh don chluastuiscint mar mhodh measúnaithe trédhearcach agus bailí, ach léirigh freagróirí an tsuirbhé tuairimí éagsúla faoi thionchar na cluastuisceana mar a thaispeántar sna táblaí thíos. Bhí daoine eile ann a d'aontaigh leis an leithdháileadh 10% le haghaidh na cluastuisceana sa scrúdú deiridh. Mhol roinnt múinteoirí measúnú cumarsáide ina ndéanfaí an labhairt agus an éisteacht a mheasúnú le chéile, mar go n-úsáideann cainteoirí an dá scil sin go nádúrtha i gcomhrá ar bith. Mhol roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúchán gur cheart, má fhanann na marcanna don bhéaltriail ag 35%, gné chluastuisceana an scrúdaithe deiridh a mhéadú ó 10% go 15%.

*"Cén fáth a bhfuil cluastuiscint ann ag leibhéal T1 ar chor ar bith? Ba cheart na marcanna sin a chur leis an mBéaltriail ina bhfuil éisteacht agus labhairt (cumarsáid) lena chéile. Sin a bheinn ag moladh – measúnú cumarsáide. Tá éisteacht agus labhairt i gceist i gcomhrá. Ní dóigh liom go bhfuil sé réabhlóideach. Tá ciall leis i mo thuairim".*

(múinteoir Gaeltachta T1, agallamh)

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 23 | 27.1% |
| 2 | 12 | 14.1% |
| 3 | 19 | 22.4% |
| 4 | 12 | 14.1% |
| 5 | 19 | 22.4% |
| Iomlán | 85 | 100% |

*Fíor 19: Freagra chun éifeachtacht mheasúnú na cluastuisceana a rátáil (suirbhé T1)*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 15 | 14.2% |
| 2 | 20 | 18.9% |
| 3 | 25 | 23.6% |
| 4 | 22 | 20.8% |
| 5 | 24 | 22.6% |
| Iomlán | 106 | 100% |

*Fíor 20: Freagra chun éifeachtacht mheasúnú na cluastuisceana a rátáil (suirbhé T2)*

Maidir le comhpháirteanna an scrúdaithe scríofa, ceistíodh an chiall atá le 'Léitheoireacht i gcomhthéacs agus feasacht teanga' mar chomhpháirt den mheasúnú mar atá san áireamh sna dréachtsonraíochtaí. Mhol líon beag rannpháirtithe líon na marcanna a bhronntar as léitheoireacht i gcomhthéacs agus feasacht teanga a laghdú, agus bhí roinnt daoine ag ceistiú na bailíochta a bhaineann leis maidir le hinniúlachtaí tuisceana an scoláire a mheasúnú. Moladh i roinnt de na haighneachtaí scríofa léamhthuiscintí níos giorra a mheasúnú. Mar a luadh i gCuid 2.4 thuas, mhol roinnt rannpháirtithe ualú na marcanna don litríocht a laghdú, cé gur cuireadh éagsúlacht de thuairimí in iúl i dtaca leis an moladh gan measúnú ar an litríocht a bheith ann do scoláirí a bheadh ag tabhairt faoi Ghnáthleibhéal T2.

Mhol líon beag rannpháirtithe na marcanna atá ar fáil le haghaidh cumadóireachta agus píosaí gairide a scríobh a laghdú agus léirigh siad an dearcadh go bhfuil baint ag aistí fada a scríobh le foghlaim de ghlanmheabhair. Léirigh 51% de fhreagróirí shuirbhé T1 agus 55% de fhreagróirí shuirbhé T2 an dearcadh go mbeadh an scrúdú scríofa an-mhí-éifeachtach mar a thaispeántar sna táblaí thíos. Moladh go minic le linn an chomhairliúcháin gur cheart an ghramadach a mheasúnú mar chomhpháirt faoi leith den scrúdpháipéar deiridh chun cabhrú le cruinneas scileanna teanga an scoláire a mheasúnú. Moladh freisin go bhféadfadh sé sin an fhoghlaim de ghlanmheabhair a mhaolú.

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 26 | 30.6% |
| 2 | 17 | 20.0% |
| 3 | 19 | 22.4% |
| 4 | 12 | 14.1% |
| 5 | 11 | 12.9% |
| Iomlán | 85 | 100% |

*Fíor 21: Freagairt chun éifeachtacht an scrúdaithe scríofa a rátáil (suirbhé T1)*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 33 | 31.1% |
| 2 | 25 | 23.6% |
| 3 | 21 | 19.8% |
| 4 | 19 | 17.9% |
| 5 | 8 | 7.5% |
| Iomlán | 106 | 100% |

*Fíor 22: Freagairt chun éifeachtacht an scrúdaithe scríofa a rátáil (suirbhé T2)*

Cheistigh mórán rannpháirtithe i gcruinnithe déthaobhacha agus aighneachtaí scríofa, tar éis gur baineadh an Bonnleibhéal ón tsraith shóisearach, an cinneadh Bonnleibhéal a bhaint le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Léiríodh imní go laghdófaí caighdeán an ghnáthleibhéil chun freastal ar riachtanais gach scoláire go cuí. Léirigh roinnt daoine imní go bhféadfadh líon na scoláirí a lorgódh díolúintí ón nGaeilge méadú de thoradh air sin. Mhaígh daoine eile dá gcoinneofaí trí leibhéal sa dá shonraíocht, T1 agus T2, gurb é an toradh a bheadh air ná sé scrúdpháipéar fhéideartha don scoláire le roghnú astu agus thug roinnt daoine le fios go mbeadh sé sin róchasta agus neamhphraiticiúil. Mhol mórán daoine gur cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gceist seo.

Le linn an chomhairliúcháin, iarradh go minic tuilleadh eolais agus soiléire maidir le measúnú, agus bhí iarratas ar leith ann ar thuilleadh sonraí maidir le measúnú na teanga ó bhéal. Thug mórán rannpháirtithe le fios go bhféadfadh easpa soiléire cur le heaspa ghinearálta muiníne as na dréachtsonraíochtaí, nó an easpa muiníne sin a chruthú. Thug mórán freagróirí ar shuirbhéanna T1 agus T2 le fios nach bhfuil an nasc idir torthaí foghlama na ndréachtsonraíochtaí agus an measúnú deiridh soiléir, agus thug roinnt acu le fios gur léir sin mar gheall, go pointe, ar na torthaí foghlama a bheith leathan. Luaigh mórán rannpháirtithe gur dheacair dóibh aiseolas a chur ar fáil gan tuilleadh eolais a bheadh níos cuimsithí maidir le measúnú.

*"Níl go leor eolais ar fáil maidir leis na measúnuithe. Níl go leor eolais ar fáil maidir le cur chuige na scrúduithe béil, cur chuige na punainne, cur chuige na dtascanna scríbhneoireachta, cur chuige na cluastuisceana srl. Tá an t-eolas seo riachtanach le bheith ábalta na dréachtsonraíochtaí a mheas ina n-iomláine agus go cruinn".*

(Institiúid Ard-Oideachais, aighneacht scríofa)

### Réimsí nach mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu:

Tá na réimsí seo a leanas le breithniú nuair atáthar ag forbairt na sonraíochtaí a thuilleadh:

- athmhachnamh a dhéanamh ar struchtúr agus comhpháirteanna an mheasúnaithe
- athmhachnamh a dhéanamh ar ualú na marcanna agus an amlíne don mheasúnú
- soiléire a thabhairt i réimse an mheasúnaithe agus maidir le critéir don mheasúnú
- machnamh a dhéanamh ar mhodhanna nua nuálacha measúnaithe
- athbhreithniú a dhéanamh ar ailíniú an mheasúnaithe le torthaí foghlama na sonraíochtaí agus fís an mheasúnaithe fhoirmithigh agus shuimithigh maidir le forbairt scileanna teanga
- athmhachnamh a dhéanamh ar na leibhéil don mheasúnú, go háirithe Bonnleibhéal

## 3. Aiseolas maidir le tabhairt isteach na sonraíochtaí nua

Luaigh mórán rannpháirtithe sa chomhairliúchán na dúshláin a bhaineann le sonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach. Leagadh béim i gcaitheamh an chomhairliúcháin ar an ngá atá le hacmhainní, tacaíochtaí agus oiliúint; iarradh tacaíochtaí maidir le teagasc agus foghlaim, litríocht, canúintí agus measúnú níos mó ná aon rud eile. Leag roinnt rannpháirtithe fócasghrúpaí béim ar an ngá le *'buy in'* [*glacadh nó tacaíocht*] do na sonraíochtaí deiridh. D'iarr a lán rannpháirtithe go gcuirfí tacaíochtaí ar fáil sula dtabharfaí isteach na sonraíochtaí i seomraí ranga, agus bhí daoine eile ag rá go bhféadfadh sé dhá bhliain eile a ghlacadh chun a leithéid d'acmhainní a ullmhú. Leag rannpháirtithe, ó phobail Ghaeltachta go háirithe, béim ar an tábhacht a bhaineann le foinsí áitiúla, chun cur le stór teanga agus saibhriú cultúrtha an scoláire.

Leag múinteoirí agus tuismitheoirí béim ar an ngá le raon téacsleabhar chun tacú le sonraíocht T1 le líon beag rannpháirtithe ag moladh duanaire a bheith ann, bailiúchán de na téacsanna liteartha go léir in acmhainn amháin. Mhol líon beag rannpháirtithe tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do scoláirí chun cabhrú le roghanna a dhéanamh faoi na téacsanna a ndéanfar staidéar orthu. Tugadh le fios go mbeadh samplaí praiticiúla ón seomra ranga de na torthaí foghlama á mbaint amach úsáideach do scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí, agus bhí treoir á lorg ag roinnt rannpháirtithe maidir le téamaí agus ábhair le clúdach. D'iarr líon mór rannpháirtithe, ó T1 agus T2 araon, scrúdpháipéir shamplacha. D'iarr mórán scéimeanna marcála samplacha freisin. D'iarr roinnt daoine teimpléid phleanála chomh maith le treoirlínte agus samplaí de phunanna teanga an scoláire. Léirigh rannpháirtithe imní go minic, tar éis deireadh a bheith curtha le scrúdú Bonnleibhéil sa tSraith Shóisearach, dá gcuirfí deireadh le scrúdú Bonnleibhéil san Ardteistiméireacht go bhféadfadh méadú a bheith ar líon na scoláirí a lorgódh díolúintí ón nGaeilge.

Mhol rannpháirtithe trí na modhanna comhairliúcháin go léir oiliúint chuimsitheach leanúnach a bheith ann ar feadh bliain nó dhó roimh chur i bhfeidhm na sonraíochtaí. Rinneadh tagairt go minic d'eispéiris FGL maidir le sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 a thabhairt isteach sa tSraith Shóisearach. Léirigh rannpháirtithe imní go minic nach mbeadh go leor múinteoirí ann chun an dá shonraíocht a theagasc, go háirithe i scoileanna beaga. Bhí imní ar mhúinteoirí Gaeltachta agus freagróirí ar shuirbhé T1 nach mbeadh dóthain múinteoirí a mbeadh an caighdeán cuí Gaeilge acu ar fáil chun sonraíocht T1 a chur i bhfeidhm ar ardchaighdeán. Léiríodh imní faoin easpa múinteoirí ó cheantair Ghaeltachta chun scripteanna a cheartú nó chun béaltrialacha a mheasúnú.

## 4. Ceisteanna córasacha

Bhí plé agus aiseolas ar fud an chomhairliúcháin maidir le múnla T1/T2 chun curaclam a sholáthar le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Mar a thugtar breac-chuntas air i réamhrá na tuairisce seo, tá forbairt curaclaim Ardteistiméireachta atá idirdhealaithe i sonraíochtaí T1/T2 comhsheasmhach le forbairtí curaclaim ag an mbunleibhéal agus sa tSraith Shóisearach agus le raon beartais rialtais, lena n-áirítear:

- Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun Feabhas a Chur ar Litearthacht agus Uimhearthacht i Measc Páistí agus Daoine Óga 2011-2022 (2011)
- Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: Athbhreithniú eatramhach 2011 – 2016 (2017)
- Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 (2010) agus an Plean Gníomhaíochta cúig bliana 2018 – 2022 (2018) roimhe sin
- Polasaí don Oideachas Gaeltachta – 2017 – 2022 (2016)
- Cumasú: Cumasú trí fhoghlaim – Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 (2019).

Cé gurbh annamh a luaigh freagróirí T2 an múnla soláthair, ba air a díríodh sa phlé agus san aiseolas trí gach modh eile rannpháirtíochta sa chomhairliúchán. Is cosúil go raibh míthuiscint ann go mbeadh an cúrsa T1 éigeantach do gach scoláire i scoileanna lán-Ghaeilge. Tá sé beartaithe go mbeidh ar scoileanna lán-Ghaeilge an tsonraíocht T1 a chur ar fáil mar rogha don scoláire, ach ní bheidh ar an scoláire i gcomhthéacsanna T1 tabhairt faoin bhfoghlaim ag leibhéal T1. Is féidir an tsonraíocht T1 a chur ar fáil i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla freisin. Tháinig moladh láidir ó go leor rannpháirtithe ó chomhthéacsanna T1 go mbeadh an tsonraíocht T1 roghnach i scoileanna T1. Maidir le measúnú, mar a pléadh níos luaithe sa tuarascáil seo, tá sé beartaithe go mbeidh rogha ag an scoláire idir ceithre scrúdpháipéar: Ardleibhéal T1, Gnáthleibhéal T1, Ardleibhéal T2 nó Gnáthleibhéal T2. Cé gurbh fhéidir é seo a shoiléiriú sna modhanna comhairliúcháin comhráiteacha (fócasghrúpaí, cruinnithe déthaobhacha agus agallaimh le múinteoirí), níor soiléiríodh é i ndearadh an tsuirbhé agus ní raibh sé soiléir dóibh siúd a rinne aighneachtaí scríofa. Tá foghlaim do CNCM sa taithí seo, mar de thoradh ar an easpa soiléire seo bhí an cheist seo ar fud cuid mhór den aiseolas a fuarthas.

Mhol a lán rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar mhúnlaí féideartha eile soláthair. Tháinig moladh ó eagraíocht Ghaeilge amháin le haghaidh múnla éagsúil soláthair, ina gcuirfí sonraíochtaí ar fáil ar cheithre leibhéal. Foilsíodh an moladh seo ar líne agus thagair rannpháirtithe eile sa chomhairliúchán dó nó luaigh siad é focal ar fhocal go minic, agus thacaigh a lán acu leis an múnla molta sin. Léirigh múinteoirí in agallaimh duine le duine amhras go minic maidir le cur chuige na gceithre leibhéal, go háirithe faoi na leibhéil is dúshlánaí de na leibhéil mholta sin. Ba mholadh eile é ón eagraíocht Ghaeilge seo, a luaigh mórán rannpháirtithe, cúrsa roghnach aonair a chur ar fáil le haghaidh litríochta agus saibhriú teanga agus cúrsa éigeantach (d'fhoghlaimeoirí T1 agus T2) bunaithe ar na scileanna teanga comhtháite: léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht, labhairt agus idirghabháil. An tríú moladh a bhí ann ná ábhar roghnach a fhorbairt dírithe ar theanga agus cultúr na Gaeilge. Moladh eile ba ea cúrsa sa Ghaeilge Fheidhmeach a sholáthar, dírithe ar na scileanna a theastaíonn le haghaidh shaol na hoibre, amhail aistriúchán, ateangaireacht, agus scileanna a bhaineann leis na meáin. Léirigh daoine eile amhras faoi na moltaí seo agus ní raibh aon chomhaontú ann maidir leis an múnla is oiriúnaí soláthair le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta.

*"Tá an córas a chuirfear i bhfeidhm don Ghaeilge sna blianta amach romhainn chomh tábhachtach sin, go bhfuil dualgas orainn uile a chinntiú go mbeidh an córas sin oiriúnach don fheidhm thábhachtach a bheidh leis. Agus de réir an dualgais sin, comhaontaíonn an Comhchoiste nach bhfuil córas an T1 agus an T2, mar atá sé sonraithe faoi láthair, oiriúnach don fheidhm sin".*

(Comhchoiste Oireachtais, aighneacht scríofa)

Léirigh rannpháirtithe imní go minic nár soiléiríodh an tiomantas d'fhiosrú a dhéanamh ar dhreasachtaí don scoláire an cúrsa T1 a dhéanamh, mar a thugtar breac-chuntas air sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, roimh fhorbairt na ndréachtsonraíochtaí nó ag an am céanna léi. Luaitear sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta na roghanna seo a leanas:

*'Déanfar machnamh ar raon de bhearta d'fhonn spreagadh a thabhairt do scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge gabháil don sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge sa tsraith shinsearach. Cuirfear go mór le cumas scoile sonrúchán curaclaim T1 a sholáthar don Ghaeilge sa tsraith shinsearach má bhíonn glacadh láidir leis an sonrúchán (sonraíocht) curaclaim T1 sa tsraith shóisearach. B'fhéidir go n-áireoidh na bearta chun scoláirí a spreagadh sparánachtaí tríú leibhéal a bhronnadh ar scoláirí a fheidhmíonn ag tairseach ghrád shonraithe nó a sháraíonn í sa sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta Ina theannta sin, maidir leis na scoláirí sin a ghnóthaíonn tairseach ghrád shonraithe sa sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge san Ardteistiméireacht, coinneofar 10% de na háiteanna sna cláir OTM uile in áirithe dóibh ar an gcoinníoll go gcloíonn na hiarratasóirí leis na riachtanais iontrála eile do na cláir sin. B'fhéidir go measfar aitheantas ar fheidhmíocht sa sonrúchán curaclaim T1 i scrúdú na hArdteistiméireachta mar riachtanas iontrála ar chúrsaí tríú leibhéal a éilíonn ard-inniúlacht sa Ghaeilge lena n-áirítear cúrsaí a áiríonn an Ghaeilge mar rogha teanga (e.g. dlí agus Gaeilge), agus cúrsaí tríú leibhéal a sholáthraítear trí Ghaeilge'.*

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011, lch. 34)

Mar sin féin, den chuid ba mhó d'éiligh rannpháirtithe pointí breise CAO a bhronnadh mar dhreasú chun daoine óga a spreagadh chun tabhairt faoi fhoghlaim agus measúnú na Gaeilge ag caighdeán T1. Mura mbeadh dreasachtaí ar fáil chun roghnú shonraíocht T1 a spreagadh, cuireadh ábhair imní in iúl go bhféadfadh scoláirí atá ag freastal faoi láthair ar Ghaelcholáistí, Sruthanna Gaeilge, Aonaid Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta a shocrú aistriú go scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tugadh le fios go bhféadfadh fadhbanna cláraithe a bheith ann de thoradh air seo. Níor luadh san aiseolas seo aon dreasachtaí reatha chun ábhair eile a fhoghlaim agus a chur i láthair don mheasúnú trí Ghaeilge. Mhol roinnt rannpháirtithe dreasachtaí féideartha eile a fhiosrú. Léirigh roinnt daoine amhras faoi thionchar pointí bónais. Leag roinnt rannpháirtithe béim air nach mian le gach scoláire leanúint ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal tar éis na scoile agus léirigh siad an dearcadh nach bhfuil na dreasachtaí molta a dtugtar breac-chuntas orthu sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta cothrom ná cóir.

Léirigh roinnt rannpháirtithe ábhair imní faoi thionchar féideartha na sonraíochtaí idirdhealaithe ar thodhchaí na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta. Áitíodh go bhféadfadh seo líon na ndaoine óga a thugann cuairt ar cheantair Ghaeltachta chun feabhas a chur ar a scileanna Gaeilge a laghdú. Luaigh a lán rannpháirtithe go bhfuil scoláirí a fhreastalaíonn ar Ghaelcholáiste faoi mhíbhuntáiste maidir lena leibhéal líofachta i gcomparáid le cainteoirí dúchais, agus leag siad béim air gur cheart rogha a bheith acu maidir le staidéar a dhéanamh ar T1/T2 agus/nó na scrúduithe. Leag roinnt daoine eile béim air go bhfuil príomhról le himirt ag an gcóras oideachais maidir le cur chun cinn na Gaeilge go náisiúnta agus maidir le todhchaí agus saibhriú na Gaeilge a chosaint. Mhol líon beag rannpháirtithe

FCÁT (foghlaim chomhtháite ábhar agus teanga – ábhair eile a fhoghlaim trí Ghaeilge) a úsáid níos mó i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

*"Beidh dhá éifeacht ag an gcúrsa nua T1, sílim, ar scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna: Caillfidh siad sciar de na scoláirí is uaillmhianaí. Fanfaidh siad go dtí go mbíonn an Teastas Sóisearach déanta acu agus fágfaidh siad nó ní thiocfaidh siad ar chor ar bith. Cé a thógfadh orthu é agus iad in ann H1 a shiúl ar chúrsa T2 i scoil eile? An éifeacht a bheas aige sin ná go gcaillfidh na scoileanna sin múinteoirí dá réir agus den chuid is mó 'siad na múinteoirí is óige is fuinniúla a chaillfear…. Tiocfaidh scoileanna ar imeall na Gaeltachta faoi bhrú imeacht ó chóras na scoileanna Gaeltachta. Tá sé ag tarlú sna bunscoileanna atá ar imeall na Gaeltachta mar atá sé. Treiseoidh sé seo an t-athrú i dtreo an Bhéarla. Roghnóidh siad a ngasúir a chur chuig scoileanna Béarla nó tiocfaidh an pobal scoile faoi bhrú athrú go scoil Bhéarla. Ní chabhróidh ceachtar acu seo le cás na Gaeilge".*

(Múinteoir Ghaeltachta T1, aighneacht scríofa)

Mhol mórán rannpháirtithe athbhreithniú ar thabhairt isteach shonraíochtaí T1 agus T2 don tSraith Shóisearach a bheith déanta ionas gur féidir le foghlaim ón athbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí bonn eolais a chur faoi thuilleadh oibre ar dhréachtsonraíochtaí na hArdteistiméireachta. Tabhair faoi deara gur cuireadh tús leis an athbhreithniú sin go luath in 2022 agus gur cuireadh i gcrích é i mí na Samhna 2022. Leag daoine eile béim air go dtógfaidh na hathruithe sa tSraith Shóisearach roinnt blianta eile le leabú agus gur cuireadh isteach ar an bpróiseas sin mar gheall ar athruithe éigeandála ar an scolaíocht mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Thug roinnt daoine le fios gurbh fhéidir go raibh tionchar ar an gcaoi a ndearnadh an comhairliúchán agus/nó ar an rannpháirtíocht sa chomhairliúchán féin de bhrí go ndearnadh comhairliúchán den chineál seo le linn paindéime.

Bhí roinnt cosúlachtaí san aiseolas ón athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach agus ón gComhairliúchán ar Dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Bhí an fonn le sonrú sa dá thuarascáil béim láidir a choinneáil ar scileanna cumarsáide béil sa seomra ranga agus sa mheasúnú. Sa tSraith Shóisearach, bhí tuairim ann gurbh é a d'eascródh as béaltriail, seachas measúnú rangbhunaithe ó bhéal (MRB2) agus comhpháirt bhéil sa phunann measúnaithe rangbhunaithe (MRB1), ná béim mhéadaithe ar fhorbairt na scileanna labhartha. Tugadh faoi deara san athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach agus sa chomhairliúchán ar an Ardteistiméireacht gurb amhlaidh, i gcás roinnt mhaith scoláirí, go mbíonn an cur de ghlanmheabhair d'ábhair scríofa ina gné lárnach dá gcuid ullmhúcháin don scrúdú béil. Léirigh go leor rannpháirtithe, san athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach agus sa chomhairliúchán Ardteistiméireachta, an dearcadh go bhfuil an iomarca béime ar an litríocht agus nach bhfuil go leor béim ar labhairt na Gaeilge sna sonraíochtaí. Bhí sé seo le sonrú go háirithe ó chomhthéacsanna T2, scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, cé go raibh sé le sonrú freisin, ach ní an oiread céanna, san aiseolas ó chomhthéacsanna T1, scoileanna lán-Ghaeilge. San athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach agus sa chomhairliúchán Ardteistiméireachta, léiríodh an tuairim gur cheart go mbeadh scrúdú bonnleibhéil ar fáil. Cé go raibh go leor plé ann sa Chomhairliúchán Ardteistiméireachta ar a oiriúnaí a bheadh sé, nó nach mbeadh sé, Sonraíochtaí Gaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú le tagarmhairc idirnáisiúnta nó le creat measúnaithe amhail an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE), níor luadh FTCE ach in aon aighneacht scríofa amháin agus i líon beag freagairtí suirbhé san athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach. Bhí tuairim choitianta ann, áfach, san Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach go raibh leibhéal na

sonraíochtaí, go háirithe sonraíocht T2, míréadúil agus ródheacair do chuid mhaith scoláirí. Níl sé soiléir cén tionchar a bhí ag dúnadh scoileanna mar gheall ar Covid-19 agus tréimhsí d'fhoghlaim bhriste ar dhearcthaí rannpháirtithe faoin méid a bheadh indéanta ag an scoláire. Fuair an cohórt scoláirí a bhí rannpháirteach san athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach taithí ar an tSraith Shóisearach ó 2017 – 2020 agus ó 2018 – 2021. Maidir le tionchar na paindéime ar an teagasc, foghlaim agus measúnú, léirigh roinnt rannpháirtithe ábhar imní i leith líon na scoláirí nár ghlac scrúdú Gaeilge nuair a bhí rogha acu in 2021 glacadh le grád ríofa seachas scrúduithe scríofa deiridh Gaeilge a dhéanamh.

Baineann difríocht mhór amháin, idir an t-aiseolas ón Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach agus an t-aiseolas ón gComhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta, le múnla an tsoláthair. Cé gurbh é an cheist seo ba mhó a bhí faoi thrácht sa chomhairliúchán Ardteistiméireachta, b'annamh a tháinig sé chun cinn san athbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil glacadh ginearálta leis an múnla soláthair T1 / T2 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Tá go leor bealaí ann le léirmhíniú a thabhairt ar an gcúis a bhféadfadh sé é seo a bheith amhlaidh – b'fhéidir mar gheall ar nádúr 'geallta níos ísle' a bhaineann leis an gcéim seo den oideachais; mar gheall ar an achar ama ó tugadh isteach é; agus/nó mar gheall ar an aitheantas a léiríonn sé i dtaca le bheith ag freastal ar riachtanais an scoláire arb í an Ghaeilge a chéad teanga agus scoláirí a bhíonn ag foghlaim trí mheán na Gaeilge.

# 5. Na Chéad Chéimeanna Eile

Is mian le CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sa chomhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Thug an comhairliúchán deis aiseolas saibhir agus dearcthaí éagsúla a bhailiú faoi dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Mar fhreagairt ar aiseolas comhairliúcháin, cuireadh tús le hathbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach, a raibh moill air mar gheall ar phaindéim Covid-19, go luath in 2022 agus cuireadh i gcrích é i mí na Samhna 2022. Cuireann na réimsí atá leagtha amach i gCaibidil 2, i dteannta an athbhreithnithe luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach, sonraí agus léargas shaibhir ar fáil mar bhonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile le haghaidh sholáthar curaclaim Gaeilge na hArdteistiméireachta.

Tharla comhairliúchán ar Dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta sular foilsíodh thuarascáil CNCM, Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022), agus freagra an Aire Oideachais, Norma Foley, ar an Tuarascáil Chomhairleach. Imreoidh na hathruithe seo, mar a d'fhógair an t-Aire, ar na socruithe measúnaithe le haghaidh na n-ábhar nua agus athbhreithnithe uile sa tsraith shinsearach tionchar suntasach ar sholáthar curaclaim le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta agus beidh gá lena léiriú i sonraíochtaí curaclaim athbhreithnithe. Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, ar aontaigh an Chomhairle leis, do shonraíochtaí curaclaim a bhfoilseoidh CNCM iad i Ráithe 4, 2022 i ndiaidh tuilleadh taighde a dhéanamh ar nádúr agus ar dhearadh sonraíochtaí curaclaim do chéim na sraithe sinsearaí. Ina theannta sin, mar bhonn eolais faoi dhearadh na sonraíochta, beidh taighde a rinne CNCM i gcomhar le CSS, maidir le hualú, uainiú agus measúnú na gcomhpháirteanna atá sa bhreis ar na scrúduithe scríofa.

Ar cheann de na téamaí ba láidre a tháinig amach as an gcomhairliúchán bhí nár baineadh amach fós fís agus cuspóir comhroinnte maidir le Gaeilge na hArdteistiméireachta. Tá amhras ann fós maidir leis an múnla soláthair, maidir le hailíniú beartais agus comhleanúnachas, agus maidir le foghlaim agus tacaíocht ghairmiúil fheabhsaithe. Cé gur moladh roinnt múnlaí éagsúla soláthair le linn an chomhairliúcháin, agus go raibh béim ar leith air sin in aighneachtaí scríofa, ag breathnú ar na cúig mhodh rannpháirtíochta go léir sa chomhairliúchán, ní raibh aon chomhaontú ann maidir le múnla sonrach mar mhalairt ar T1 agus T2. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin, cé gur léiríodh a lán tuairimí faoi na himpleachtaí féideartha a bheadh ag múnla T1/T2, ní raibh aon chomhaontú maidir leis na himpleachtaí féideartha a bheadh ann mura nglacfaí leis an múnla soláthair curaclaim seo ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Ní mór ceisteanna faoin múnla soláthair curaclaim a mheas ar bhealach níos mine, ó dhearcadh oideachais de agus freisin i mór-chomhthéacs thodhchaí na Gaeilge. Is gá raon a mheas tuilleadh, níos mó taighde agus machnaimh a dhéanamh, agus comhairliúchán a dhéanamh le páirtithe leasmhara Gaeilge, eagraíochtaí agus déantóirí beartas. Go háirithe, tá tuilleadh taighde ag teastáil, ag fiosrú conas a dtugann dlínsí eile, a bhfuil próifíl teanga acu cosúil le hÉirinn, faoi sholáthar curaclaim le haghaidh teanga dhúchais atá ina dara teanga freisin. Féadfaidh an taighde sin cur le smaointeoireacht ar bhealaí féideartha chun tosaigh. Tá tuilleadh pleanála ag teastáil freisin sa réimse foghlama agus tacaíochta gairmiúla feabhsaithe, ionas gur féidir athruithe curaclaim, nuair a tharlaíonn siad, a chur i gcrích go bríoch sa chleachtas. Sa chomhthéacs sin, moltar na chéad chéimeanna eile seo a leanas le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta:

- obair forbartha a stopadh ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Gaeilge na hArdteistiméireachta
- tuilleadh taighde a dhéanamh ar an múnla soláthair agus ar chreataí a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt curaclam le haghaidh teangacha dúchais i ndlínsí ina bhfuil próifíl teanga chomhchosúil
- sraith seimineár do pháirtithe leasmhara a thionól chun bonn eolais a chur faoin gcomhairle maidir leis an múnla soláthair do Ghaeilge na hArdteistiméireachta, ag cur aiseolas ón gcomhairliúchán seo agus athruithe níos leithne mar chuid d'athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí san áireamh
- tús áite a thabhairt do phleanáil le haghaidh foghlaim agus tacaíocht ghairmiúil fheabhsaithe.

# Aguisíní

## Aguisín 1 Rangú na n-aighneachtaí

**Tabhair faoi deara:**

- Rinneadh múinteoirí / scoileanna / príomhoidí a rangú ina scoileanna Gaeltachta más amhlaidh go bhfuil siad cláraithe leis an Scéim Aitheantais mar scoileanna Gaeltachta.

- Gaelcholáiste – Aon iar-bhunscoil lasmuigh den Ghaeltacht a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.
- Eagraíocht oideachais – eagraíochtaí atá ag obair san oideachas lena n-áireofaí institiúidí pátrúnachta.
- Eagraíocht scoileanna – Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do / a bhíonn ag obair ar son scoileanna.
- Pleanálaithe teanga – aighneacht ó dhuine nó coiste / grúpa atá bainteach leis an bpleanáil teanga.
- Eagraíocht múinteoirí – eagraíochtaí a bhíonn ag obair ar son múinteoirí, chuimseodh sé seo ceardchumainn.

| **Ar bhonn aonair** | 63 |
|---|---|
| | |
| **Múinteoirí** | |
| Múinteoir Gaeilge in iarbhunscoil Ghaeltachta | 2 |
| Múinteoir in iar-bhunscoil Ghaeltachta | 2 |
| Múinteoir Gaeilge i nGaelcholáiste | 8 |
| Múinteoir i nGaelcholáiste | 1 |
| Múinteoir Gaeilge in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 38 |
| Múinteoir in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 0 |
| Múinteoir Bunscoile | 1 |
| Múinteoir Gaeilge – neamhshonraithe | 11 |
| Múinteoir Gaeilge in Aonad Gaeilge | 1 |
| Múinteoir – neamhshonraithe | 1 |
| Grúpa múinteoirí in iar-bhunscoil Ghaeltachta | 5 |
| Grúpa múinteoirí i nGaelcholáiste | 2 |
| Grúpa múinteoirí in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 5 |
| | |
| **Tuismitheoirí** | |
| Tuismitheoir ag a bhfuil mac/iníon in iar-bhunscoil Ghaeltachta | 9 |
| Tuismitheoir ag a bhfuil mac/iníon i nGaelcholáiste | 9 |
| Tuismitheoir ag a bhfuil mac/iníon in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 1 |
| Tuismitheoir – neamhshonraithe | 1 |
| | |
| **Scoláirí** | |
| Scoláire in iar-bhunscoil Ghaeltachta | 0 |
| Scoláire i nGaelcholáiste | 1 |
| Scoláire in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 0 |
| Scoláire – neamhshonraithe | 4 |
| Grúpa scoláirí in iar-bhunscoil Ghaeltachta | 0 |
| Grúpa scoláirí i nGaelcholáiste | 1 |
| Grúpa scoláirí in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 2 |
| | |
| **Príomhoidí** | |
| Príomhoide in iar-bhunscoil Ghaeltachta | 2 |
| Príomhoide i nGaelcholáiste | 1 |
| Príomhoide in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 1 |
| Stiúrthóir Aonad Gaeilge | 1 |

| | |
|---|---|
| Príomhoide i nGaelscoil | 1 |
| | |
| **Scoileanna** | |
| Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 5 |
| Gaelcholáiste | 5 |
| Iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 0 |
| Coiste Tuismitheoirí in iar-bhunscoil Ghaeltachta | 1 |
| Coiste Tuismitheoirí i nGaelcholáiste | 0 |
| Coiste Tuismitheoirí in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | 0 |
| Bunscoil Ghaeltachta | 2 |
| Gaelscoil | 0 |
| | |
| **Pleanálaithe teanga** | 11 |
| | |
| **Eagraíochtaí** | |
| Eagraíocht phobail | 1 |
| Coláiste Gaeilge | 4 |
| Eagraíocht Coláistí Gaeilge | 1 |
| Páirtí polaitíochta | 1 |
| Instítiúid Ardoideachais | 2 |
| Eagraíocht múinteoirí | 2 |
| Eagraíocht Ghaeilge | 7 |
| Eagraíocht oideachais | 3 |
| Eagraíocht Tuismitheoirí Gaeltachta | 2 |
| Eagraíocht príomhoidí | 1 |
| Coiste Oireachtais | 1 |
| Gníomhaireacht stáit | 1 |
| Eagraíocht scoileanna | 3 |
| Roinn Rialtais | 1 |
| Cumann scoláirí iar-bhunscoile | 1 |
| Cumann mic léinn tríú leibhéal | 3 |
| Eagraíocht múinteoirí Gaeilge | 1 |
| Seirbhís tacaíochta do mhúinteoirí | 1 |
| **Iomlán** | **234** |

## Aguisín 2

Reáchtáladh cruinnithe déthaobhacha le:

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Gaeloideachas
- Foras na Gaeilge
- An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge

- Conradh na Gaeilge
- Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU)
- Tuismitheoirí na Gaeltachta
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Reáchtáladh cruinnithe feasachta le:


- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Reáchtáladh seisiúin eolais le:


- Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Rúnaíocht Chomhchoiste na mBainisteoirí (CCB)
- Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)
- An Foras Pátrúnachta
- Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD)

## Aguisín 3

### Cuid 2 de na suirbhéanna: Eolas Ginearálta





*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*

*Fíor 23: Freagairtí ar an ráiteas "Tá leagan amach na sonraíochta soiléir".*





*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*

*Fíor 24: Freagairtí ar an ráiteas "Tá an tsonraíocht soléite agus tá sé éasca teanga na sonraíochta a thuiscint."*






*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*


*Fíor 25: Freagairtí ar an ráiteas "Léiríonn an tsonraíocht luachanna agus prionsabail Churaclam na Sraithe Sinsearaí".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 26: Freagairtí ar an ráiteas "Tuigim an grúpa scoláirí a bhfuil an tsonraíocht dírithe orthu".*








*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 27: Freagairtí ar an ráiteas "Tugann an Réasúnaíocht míniú soiléir ar fhís na sonraíochtaí".*






*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*


*Fíor 28: Freagairtí ar an ráiteas "Tugann an Aidhm (lch 14 den dréachtsonraíocht) cuntas soiléir ar an eolas, na scileanna agus na luachanna a bhfuil sé mar aidhm ag an tsonraíocht iad a fhorbairt".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 29: Freagairtí ar an ráiteas "Léiríonn an rannóg 'Foghlaim ghaolmhar' aistear foghlama Gaeilge an scoláire ó na luathbhlianta go dtí an tsraith shinsearach agus mar a ullmhaíonn an t-eispéireas seo é chun tabhairt faoin bhfoghlaim fad saoil".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 30: Freagairtí ar an ráiteas "Tugann an rannóg 'Teagasc agus Foghlaim' tuiscint shoiléir ar na hionchais atá ann do shealbhú teanga an scoláire".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 31: Freagairtí ar an ráiteas "Tugann an rannóg 'Forbhreathnú ar an gcúrsa' léargas ar an gcineál eispéireas foghlama a bheidh ar fáil don scoláire mar thoradh ar dhul i ngleic leis an dréachtsonraíocht seo".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 32: Freagairtí ar an ráiteas "Cuireann na snáitheanna struchtúr soiléir ar fáil d'fhoghlaim agus teagasc na Gaeilge sa tSraith Shinsearach".*









*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 33: Freagairtí ar an ráiteas "Tugann an rannóg 'Measúnú' cur síos ar an ról atá ag an measúnú foirmitheach agus suimitheach i dtaithí foghlama an scoláire".*


## Cuid 3 de na suirbhéanna: Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Cuspóirí





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 34: Freagairtí ar an ráiteas "Spreagfaidh an dréachtsonraíocht seo an scoláire chun taitneamh a bhaint as an nGaeilge".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 35: Freagairtí ar an ráiteas "Tógfaidh an dréachtsonraíocht seo ar na scileanna agus ar an inniúlacht teanga a d'fhorbair an scoláire le linn na sraithe sóisearaí".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 36: Freagairtí ar an ráiteas "Cuirfidh an dréachtsonraíocht ar chumas an scoláire an Ghaeilge a úsáid chun críocha na cumarsáide (i raon leathan de chomhthéacsanna fíorshaoil)".*




*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 37: Freagairtí ar an ráiteas "Cuirfidh an dréachtsonraíocht ar chumas an scoláire cur lena eolas ar shaibhreas agus ar shaíocht na Gaeilge [ina cheantar dúchais féin]".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 38: Freagairtí ar an ráiteas "Spreagfaidh eispéireas foghlama na dréachtsonraíochta an scoláire chun smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil trí Ghaeilge".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 39: Freagairtí ar an ráiteas "Spreagfaidh an dréachtsonraíocht an scoláire chun an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga [ina phobal teanga]"*









*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 40: Freagairtí ar an ráiteas "Tacóidh an t-eispéireas foghlama atá leagtha amach sa dréachtsonraíocht seo leis an scoláire an teanga a úsáid go héifeachtach sa phobal agus/nó in ionad foghlama/oibre lán-Ghaeilge".*


### Cuid 4 de na suirbhéanna: – Foghlaim agus Teagasc





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 41: Freagairtí ar an ráiteas "Tugann an rannóg seo tuiscint shoiléir ar an gcaoi a bhfuil na cuir chuige foghlama agus teagaisc leabaithe i snáitheanna na dréachtsonraíochta".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 42: Freagairtí ar an ráiteas "Cabhraíonn an múinteoir chun ionchur saibhir teanga a chur ar fáil don scoláire mar chuid den phróiseas foghlama agus teagaisc".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 43: Freagairtí ar an ráiteas "Tá tábhacht nach beag ag baint le deiseanna (aschuir) úsáidte teanga sa phobal teanga mar chuid den phróiseas sealbhaithe teanga".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 44: Freagairtí ar an ráiteas "Tá tábhacht nach beag bainteach le forbairt a dhéanamh ar scileanna litearthachta an scoláire má tá sé chun a bheith ina úsáideoir éifeachtach teanga agus an Ghaeilge a shealbhú go rathúil".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 45: Freagairtí ar an ráiteas "Tá an fhéinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí a bhíonn ag an scoláire dul chun cinn a dhéanamh".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 46: Freagairtí ar an ráiteas "Tacaíonn an fheasacht teanga agus an fheasacht chultúrtha leis an scoláire tábhacht an phobail teanga a thuiscint, páirt a ghlacadh sa phobal sin agus ionannú leis".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 47: Freagairtí ar an ráiteas "Tá ról ag an measúnú mar thaca leis an bhfoghlaim chomh maith le gnóthachtáil a mheas".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 48: Freagairtí ar an ráiteas "Cabhróidh an dréachtsonraíocht leis an scoláire straitéisí foghlama teanga a fhorbairt a bheidh inaistrithe go teangacha eile".*




*Suirbhé T1*


*Fíor 49: Freagra ar an ráiteas "Cabhróidh an fhoghlaim teanga (mar atá sé leagtha amach) sa dréachtsonraíocht seo leis an scoláire tabhairt faoi ábhair eile an churaclaim trí Ghaeilge". (Níorbh ann don cheist seo i suirbhé T2).*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 50: Freagairtí ar an ráiteas "Is uirlis thábhachtach don fhoghlaim agus don mheasúnú foirmitheach í an phunann teanga".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 51: Freagairtí ar an ráiteas "Is uirlis éifeachtach í an phunann teanga chun tacú leis an scoláire forbairt a dhéanamh ar a scileanna féin-riartha agus féin-mhachnamhacha".*


### Cuid 4a de na suirbhéanna – Téacsanna




*Suirbhé T2*


*Fíor 52: Freagairtí ar an ráiteas "Tacaíonn léamh agus ionramháil téacsanna Gaeilge (liteartha agus neamhliteartha) le forbairt na gcúig scil chumarsáide". (Níorbh ann don cheist seo i suirbhé T1).*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 53: Freagairtí ar an ráiteas "Trí réimse leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, cuirtear ar chumas an scoláire scileanna cumarsáide, smaointeoireachta agus criticiúla a dhoimhniú".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 54: Freagairtí ar an ráiteas "Trí réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargas ar bhealaí chun an teanga a úsáid go cruthaitheach".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 55: Freagairtí ar an ráiteas "Trí réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargas ar bhealaí inar féidir an teanga a úsáid agus a chabhróidh leis ábhair, smaointe agus coincheapa a ionramháil in ábhair eile an churaclaim".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 56: Freagairtí ar an ráiteas "Trí réimse leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargais ar chultúr agus ar theanga a cheantair dhúchais féin agus ceantair eile".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 57: Freagairtí ar an ráiteas "Tugann raon na dtéacsanna agus an rogha atá idir seánraí áirithe scóip chun téacsanna atá oiriúnach do thaithí, do chomhthéacsanna agus do riachtanais an scoláire a roghnú".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 58: Freagairtí ar an ráiteas "Tugtar deis don scoláire dul i ngleic le réimse oiriúnach téacsanna de chuid chanóin na litríochta Gaeilge".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 59: Minicíochtaí na mbarúlacha ar líon na dtéacsanna atá molta don Ardleibhéal.*









*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 60: Minicíochtaí na mbarúlacha ar líon na dtéacsanna atá molta don Ghnáthleibhéal.*


### Cuid 5 de na suirbhéanna – Forbhreathnú: Struchtúr na sonraíochtaí





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 61: Freagairtí ar an ráiteas "Tugann an 'Forbhreathnú' cur síos an-soiléir ar struchtúr na dréachtsonraíochta".*







*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 62: Freagairtí ar an ráiteas "Léiríonn an struchtúr go han-soiléir idirspleáchas na snáitheanna agus mar a thacaíonn siad le comhtháthú na mórscileanna teanga".*







*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 63: Freagairtí ar an ráiteas "Tá na snáitheanna an-éifeachtach ag leagan béime ar na scileanna agus inniúlachtaí is tábhachtaí don fhoghlaim agus don teagasc".*







*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 64: Freagairtí ar an ráiteas "Tá béim chuí ar fhorbairt na mórscileanna agus na n-inniúlachtaí teanga trasna na snáitheanna."*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 65: Freagairtí ar an ráiteas "Tá an bhéim chuí ar fhorbairt inniúlachtaí cruthaitheachta an scoláire sna snáitheanna".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 66: Freagairtí ar an ráiteas "Tá an bhéim chuí ar fhorbairt feasachta an scoláire sna snáitheanna (feasacht teanga, féinfheasacht agus feasacht chultúrtha) ".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 67: Freagairtí ar an ráiteas "Tá an leithdháileadh ama (180 uair an chloig d'am ranga ar a laghad) thar dhá bhliain den tsraith shinsearach leordhóthanach do scoláirí chun aidhmeanna na dréachtsonraíochta a bhaint amach".*

### Cuid 6 de na suirbhéanna – Torthaí Foghlama




*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor[4] 68: Minicíochtaí sna freagairtí i dtaobh oiriúnacht na dtorthaí foghlama do scoláire T1/T2.*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 69: Minicíochtaí sna freagairtí i dtaobh shoiléireacht agus intuigtheacht na dtorthaí foghlama.*


[4] Eochair: VS = “an-oiriúnach”, S = “oiriúnach”, US = “mí-oiriúnach” agus VUS = “an-mhí-oiriúnach”





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 70: Miniciochtaí sna freagairtí i dtaobh shoiléireacht agus intuigtheacht na dtorthaí foghlama.*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 71: Freagairtí ar an ráiteas "Tá na torthaí foghlama roinnte go soiléir agus go cuí sa snáithe 'Cumarsáid' idir na cúig scil".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 72: Freagairtí ar an ráiteas "Tá na torthaí foghlama roinnte go soiléir agus go cuí sa snáithe 'Feasacht' idir na trí ghné".*









*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 73: Freagairtí ar an ráiteas "Tá na torthaí foghlama soiléir agus oiriúnach don snáithe 'Cruthaitheacht Teanga'".*


**Cuid 6a de na suirbhéanna – Cumarsáid**





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 74: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Cumarsáide leis an scoláire "feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide sa phobal teanga".*





*Suirbhé T1*


*Fíor 75: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Cumarsáide leis an scoláire "gnáth-theanga na cumarsáide ar ghnáthluas a phobal teanga dúchasach, agus úsáideoirí teanga eile, a thuiscint agus a úsáid sa chumarsáid".*




*Suirbhé T2*


*Fíor 76: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Cumarsáide leis an scoláire "gnáth-theanga na cumarsáide ar ghnáthluas sa phobal teanga a thuiscint agus a úsáid sa chumarsáid".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 77: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Cumarsáide leis an scoláire "teanga chruinn shaibhir a thabhairt faoi deara agus a úsáid i labhairt agus i scríobh na Gaeilge".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 78: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Cumarsáide leis an scoláire "raon leathan téacsanna, téacsanna litríochta agus neamhliteartha san áireamh, atá in úsáid sa phobal teanga a léamh ag léiriú tuiscint chriticiúil ar an ábhar".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 79: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Cumarsáide leis an scoláire "a théacsanna ábhartha féin a chumadh le haghaidh cumarsáide".*

## Cuid 6b de na suirbhéanna – Feasacht





*Suirbhé T1*


*Fíor 80: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "a bheith níos éifeachtaí agus níos muiníní mar úsáideoir neamhspleách cumasach teanga".*




*Suirbhé T2*


*Fíor 81: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta agus atá le déanamh aige chun a bheith ina úsáideoir neamhspleách teanga".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 82: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "an teanga chuí [a aithint agus] a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla".*





*Suirbhé T1*


*Fíor 83: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "cur lena eolas agus lena thuiscint ar chórais agus ar dhul na Gaeilge". (Níorbh ann don cheist seo i suirbhé T2).*




*Suirbhé T2*


*Fíor 84:* Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "a bheith cruinn in úsáid na Gaeilge". *(Níorbh ann don cheist seo i suirbhé T1).*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 85: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "tuiscint agus meas a léiriú ar shaibhreas canúnach na Gaeilge/ar phríomhchanúintí na Gaeilge".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 86*: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "leas éifeachtach a bhaint as aiseolas agus as féinmhachnamh mar chuid de phróiseas an tsealbhaithe teanga".





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 87: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "úinéireacht a ghlacadh ar fhéinriar a ghníomhaíochtaí foghlama teanga".*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 88*: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "machnamh agus staidéar a dhéanamh ar ghnéithe de chultúr agus d'oidhreacht na Gaeilge".









*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 89: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama i snáithe na Feasachta leis an scoláire "machnamh a dhéanamh ar a chultúr féin, ar chultúr phobal na Gaeilge, ar shochaí ilteangach, agus ar chultúir eile".*


## Cuid 6c de na suirbhéanna – Cruthaitheacht Teanga





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 90: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe le cumas an scoláire "forbairt mar smaointeoir [muiníneach] criticiúil agus cruthaitheach".*





*Suirbhé T1*

*Fíor 91: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe le cumas an scoláire "a bheith nuálach ar mhaithe le dul chun cinn agus taitneamh i sealbhú na teanga".*





*Suirbhé T2*

*Fíor 92: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe le cumas an scoláire "an Ghaeilge a chur i láthair agus a thaibhsiú ar bhealaí nua agus cruthaitheacha".*





*Suirbhé T1*

*Fíor 93: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe le cumas an scoláire "a rogha de mhodhanna léirithe a fhiosrú agus a úsáid".*





*Suirbhé T2*

*Fíor 94: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe le cumas an scoláire "tabhairt faoi dheiseanna foghlama go cruthaitheach agus go samhlaíoch, ina aonar nó go comhoibríoch".*





*Suirbhé T1*

*Fíor 95: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe le cumas an scoláire "dul sa seans agus anailís a dhéanamh ar réitigh éagsúla ar cheisteanna".*




*Suirbhé T2*


*Fíor 96: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe le cumas an scoláire "dul sa seans agus é ag úsáid na teanga, chun smaointe éagsúla a fhorbairt, agus chun anailís chriticiúil a dhéanamh agus a athmheas".*





*Suirbhé T1*

*Fíor 97: Freagairtí ar an ráiteas go dtacódh torthaí foghlama an tsnáithe le cumas an scoláire "teanga a úsáid ar bhealach cruthaitheach, samhlaíoch agus spraíúil".*

### Cuid 7 de na suirbhéanna – Measúnú









*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor[5] 98: Freagairtí ar an gceist"An dtacóidh na comhpháirteanna measúnaithe mar atá sa dréachtsonraíocht seo leis an gcineál foghlama a theastaíonn ón Aidhm agus ón Réasúnaíocht a bhaint amach?"*


[5] Eochair: Y = "Tacóidh", N = "Ní thacóidh"





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Fíor 99: Freagairtí ar an gceist "An dtacóidh an phunann teanga leis an scoláire a scileanna féin-riartha agus féin-mhachnamhacha a láidriú agus é ar a aistear sealbhaithe teanga?"*





*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 100: Freagairtí ar an gceist "An dtacóidh an measúnú mar atá leagtha amach sa dréachtsonraíocht le forbairt na mórscileanna teanga ar fad, éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte, agus scríobh?"*




*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Fíor 101: Freagairtí ar an gceist "An dtacóidh an dréachtsonraíocht seo le húsáid raon leathan agus oiriúnach de mhodhanna measúnaithe ar bhonn foirmitheach agus suimitheach?"*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 27 | 31.8% |
| 2 | 12 | 14.1% |
| 3 | 16 | 18.8% |
| 4 | 14 | 16.5% |
| 5 | 16 | 18.8% |
| Iomlán | 85 | 100% |

*Suirbhé T1*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 30 | 28.0% |
| 2 | 15 | 14.0% |
| 3 | 18 | 16.8% |
| 4 | 12 | 11.2% |
| 5 | 32 | 29.9% |
| Iomlán | 107 | 100% |

*Suirbhé T2*

*Figiúr 102: Minicíochtaí don rátáil ar éifeachtacht an scrúdaithe cainte. Chuaigh an scála ó "an-mhí-éifeachtach" (1 ar an scála) go "an-éifeachtach" (5 ar an scála).*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 23 | 27.1% |
| 2 | 12 | 14.1% |
| 3 | 19 | 22.4% |
| 4 | 12 | 14.1% |
| 5 | 19 | 22.4% |
| Iomlán | 85 | 100% |

*Suirbhé T1*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 15 | 14.2% |
| 2 | 20 | 18.9% |
| 3 | 25 | 23.6% |
| 4 | 22 | 20.8% |
| 5 | 24 | 22.6% |
| Iomlán | 106 | 100% |

*Suirbhé T2*

*Figiúr 103: Minicíochtaí don rátáil ar éifeachtacht an scrúdaithe éisteachta.*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 26 | 30.6% |
| 2 | 17 | 20.0% |
| 3 | 19 | 22.4% |
| 4 | 12 | 14.1% |
| 5 | 11 | 12.9% |
| Iomlán | 85 | 100% |

*Suirbhé T1*

| Freagra | Méid | % |
|---|---|---|
| 1 | 33 | 31.1% |
| 2 | 25 | 23.6% |
| 3 | 21 | 19.8% |
| 4 | 19 | 17.9% |
| 5 | 8 | 7.5% |
| Iomlán | 106 | 100% |

*Suirbhé T2*

*Figiúr 104: Minicíochtaí don rátáil ar éifeachtacht an scrúdaithe scríofa.*

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment